




AN COIMISIÚN UM ACHOMAIRC CHÁNACH  
TAX APPEALS COMMISSION

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

[www.taxappeals.ie](http://www.taxappeals.ie)



---

# Clár Ábhair

|  |    |
|--|----|
| Réamhrá  | 2  |
| Gluais   | 4  |
| Athchóiriú ar an gCóras Achomhairc Chánach               | 9  |
| Bunús Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach     | 10 |
| Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach         | 11 |
| An Eagraíocht  | 11 |
| Achomhairc Reatha  | 12 |
| Achomhairc Iarmharacha                                   | 14 |
| Achomhairc roimh Bhunú                                   | 15 |
| Cásanna Sonraithe  | 16 |
| Forléargas ar Shocruithe                                 | 17 |
| Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus ar Oibríochtaí an TAC | 30 |
| Staidreamh   | 33 |
| Rialachas agus Riarachán                                 | 50 |
| Maoiniú agus Caiteachas                                  | 57 |
| Aguisín- Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí                 | 58 |



---

# Réamhrá

De réir alt 21 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, tá áthas orm an tríú tuarascáil seo ón gCoimisiún Achomhairc Chánach a chur i láthair.

Tá difear an domhain idir cúrsaí anois ná mar a bhí anuraidh don Choimisiún agus an Réamhrá á scríobh do Thuarascáil 2017. I Márta 2018, bhí an Coimisiún ag streachailt le bainistiú a dhéanamh ar ualach cásanna a bhí tar éis dúbailt ón mbliain roimhe, bhíothas ag oibriú ar áitreabh a bhí róbheag agus níorbh fhéidir éisteachtaí ann a reáchtáil, agus ní raibh dóthain foirne, trealaimh ná acmhainní aige leis an obair riachtanach a dhéanamh. B'údar mór inní é an dúshlán a bhí os comhair an Choimisiúin. Bliain ina dhiaidh sin, agus tá cuma i bhfad Éireann níos fearr ar chúrsaí an Choimisiúin.

I Meitheamh 2018, tar éis cuardach fada a dhéanamh, d'aistrigh TAC isteach san áitreabh nua aige i gCúirt Mhic Liam. Chomh maith lenár ndóthain spáis le haghaidh na foirne reatha agus na foirne isteach bheith ag obair go héifeachtach, tá trí sheomra éisteachta againn agus seomraí comhairliúcháin do pháirtithe. Ciallaíonn sé seo gur féidir leis an gCoimisiún éisteachtaí comhuaineacha a sceidealú lena chinntiú go n-úsáidfear níos fearr am na gCoimisinéirí, rud a laghdóidh fanacht ag na páirtithe le héisteachtaí a n-achomhairc.

Bhí corraíl áirithe in oibríochtaí an Choimisiúin i lár na bliana i ngeall ar an aistriú chuig an áitreabh nua ach tugadh go tapa faoi na deacrachtaí gur réitíodh iad. Is garr go leasófar na deacrachtaí beaga atá fágtha maidir leis an áitreabh nua agus ba mhaith linn

buíochas a ghabháil le hOifig na nOibreacha Poiblí as ár n-áitreabh nua a aimsiú agus as é a leagan amach agus a fheistiú ar an gcaighdeán is gá.

Bhí scéal níos suntasaí arís ann i mí Mheithimh 2018 nuair a cheap an tAire Airgeadais Ms. Niamh O'Donoghue, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí, le hathbhreithniú a dhéanamh ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an Achomhairc, i gcomhthéacs achomhairc ón gCoimisiún ar acmhainní breise. Chríochnaigh Ms. O'Donoghue a tuarascáil i Lúnasa 2018 agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil léi as an athbhreithniú cothrom, cuimsitheach, géarchúiseach a rinne sí. Tá achoimre ar mholtaí Thuarascáil O'Donoghue i gcaibidil eile thíos.

Lá na Cáinainéise, d'fhoilsigh an tAire Airgeadais Tuarascáil O'Donoghue, agus d'fhógair gur thacaigh sé leis na moltaí a bhí inti agus go raibh sé ag ceadú acmhainní breise foirne agus maoiniú breise le haghaidh córas TF. Arís, is iomchuí buíochas a ghabháil leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne a d'oibrigh linn i rith 2018 leis na hacmhainní a shlánú is riachtanach don Choimisiún lena bhfeidhmeanna reachtúla a chur de go héifeachtach agus go tráthúil.

Is beag nach dúbailt a fuarthas de bhuiséad le haghaidh 2019 agus cead méadú den sórt céanna ar an líon foirne agus Coimisinéirí, agus creidimid go mbeidh de chumas anois ag an gCoimisiún a bhfeidhm a chomhlánú go hiomlán. Cé go mbeidh tamall i gceist le go gcuirfear moltaí thuarascáil O'Donoghue i bhfeidhm go hiomlán, táimid ag súil leis na

---

hathruithe a bheidh i gceist a chabhróidh linn ár gcórais agus ár modhanna oibre a leasú.

Go fiú sular cuireadh moladh ar bith de na moltaí i bhfeidhm, tá feabhsú suntasach déanta ag an gCoimisiún ar sholáthar a sheirbhísí do pháirtithe leasmhara. Tá mionsonraí iomlána obair an TAC leagtha amach sa chaibidil ar Staidreamh, ach is fiú pointí áirithe a tharraingt chun suntais:

- Ainneoin nach raibh áiseanna éisteachta ar an láthair ag an gCoimisiún sa chéad 6 mhí den bhliain, sceidealaíodh 167 éisteacht, i gcomparáid le 65 in 2017.
- Dhún an Coimisiún 1,440 achomharc le linn 2018, i gcomparáid le 693 in 2017; ba é timpeall €567 milliún an candam cánach a bhí i gceist sna hachomhairc a dúnadh.
- Cheana féin in 2019 tá 64 éisteacht sceidealaithe ag an gCoimisiún, a bhaineann le 256 achomharc.

Níorbh fhéidir aon chuid de seo a dhéanamh gan tiomantas agus obair chrua fhoireann an Choimisiúin le linn 2018. Tá an t-ádh linn foireann den scoth a bheith againn agus táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht agus as a gcúnamh le bliain anuas.

Tuigimid gan amhras go bhfuil cuid mhór le déanamh in 2019 agus ina dhiaidh sin. Táimid ag tabhairt mar thosaíocht faoin riaráiste achomharc. Glacaimid go hiomlán le torthaí agus le moltaí Thuarascáil O'Donoghue maidir leis seo agus cuirfimid ár n-acmhainní méadaithe ar obair lena chinntiú go gcuirfear na moltaí i bhfeidhm chomh héifeachtach tapa agus is féidir.

Chomh maith leis sin, tá obair mhór le déanamh lena chinntiú go mbeidh an Coimisiún ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí ar fad ó thaobh rialachais de. Cé gur aithin muid cad atá le déanamh on taobh sin de, d'fhág an teirce acmhainní nár mhór an dul chun cinn a rinneadh le linn 2018. Creidim go mbeidh luas anois faoin bpróiseas ó tharla líon iomlán foirne anois againn, agus le cabhair ónar Roinn choimirce ní fada go mbeimid ag comhlíonadh na n-oibleagáidí iomadúla atá orainn mar fhoras Státseirbhíse.

Go hachomhair, cé go dtuigimid méid na hoibre atá fós le déanamh, tá an-áthas orainn go bhfuil na hacmhainní agus na tacaíochtaí anois ag an gCoimisiún a chuirfidh ar a chumas teacht lena oibleagáidí agus na deacrachtaí a bhí roimhe a sháru.

Is fearr i bhfad anois cás an Choimisiúin ná an scéal mar a bhí anuraidh, agus táimid dearfach gur féidir feabhsú go mór in 2019 agus ina dhiaidh. Táimid ag súil leis na feabhsuithe seo a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara.



**Mark O'Mahony**  
Coimisinéir um Achomhairc



**Lorna Gallagher**  
Coimisinéir um Achomhairc

---

# Gluais

---

|                                      |   |
|--------------------------------------|---|
| Achomhairc ar athló roimh éisteacht  | Achomhairc a fuair dáta éisteachta ach a cuireadh ar athló, ar iarratas ó na páirtithe, roimh thús na héisteachta.  |
| Coimisinéir um Achomhairc            | Comhalta den Choimisiún um Achomhairc a cheap an tAire Airgeadais de bhun alt 8 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.                              |
| Achomhairc a dúnadh                  | Achomhairc a críochnaíodh nach n-éilíonn tuilleadh gníomhaíochta ón TAC.  |
| Achomhairc idir lámha                | Achomhairc bheo ghníomhacha a éilíonn tuilleadh gníomhaíochta.  |
| Achomhairc a glanadh                 | Achomhairc a glanadh tar éis comhaontaithe ag an dá pháirtí.  |
| Achomhairc a glanadh roimh éisteacht | Achomhairc a glanadh idir na páirtithe tar éis gur sceidealáíodh an éisteacht, ach roimh thosú dí.  |
| Achomhairc a aistarraingíodh         | Achomhairc inar thug an tAchomharcóir le fios don TAC nach mian leo leanúint leis an achomharc.   |
| Achomhairc a díbheadh                | Achomhairc a díbheadh de bhun alt 949AV TCA 1997 ó tharla teip ag an Achomharcóir treoir amháin ar a laghad ó na Coimisinéirí um Achomhairc a chomhlíonadh. |
| Achomhairc a diúltaíodh              | Achomhairc a dhiúltaigh na Coimisinéirí um Achomhairc de réir alt 949N TCA 1997.  |
| Achomhairc a socraíodh               | Achomhairc a shocraigh an Coimisinéir um Achomhairc gur tugadh an socrú sin do na páirtithe.  |
| A.P.                                 | Príomh-Oifigeach Cúnta  |
| ARCC                                 | Oifig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste   |

---

|   |   |
|---|---|
| CBC                                       | Comhdháil Bainistithe Cásanna   |
| Córas Bainistithe Cásanna                 | Bunachar ina bhfuil mionsonraí gach achomhairc idir bheo agus dhúnta.   |
| C.O.                                      | Oifigeach Cléireachais  |
| E.O.                                      | Feidhmeannach   |
| FLAC                                      | Ionad Comhairle Dlí   |
| FSS                                       | Seirbhísí Comónta Airgeadais  |
| GDPR                                      | Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí   |
| Tús leis an éisteacht ach curtha ar athló | Achomhairc ar tosaíodh ar an éisteacht ach cuireadh sin ar athló ar fháth amháin ar a laghad díobh seo: éisteacht bhreise a dhéanamh, breis eolais a lorg, breis caipéisíochta a lorg, tuilleadh ionchur, agus/nó finnéithe freastal. |
| H.E.O.                                    | Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin   |
| AD  | Acmhainní Daonna  |
| TFC                                       | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide  |
| Achomhairc ina bhfuil ceannródaíocht      | Grúpa achomharc ina bhfuil pointí comónta dlí agus/nó fíricí. I gcásanna áirithe, beidh cás trialach ón ngrúpa (an t-achomharc ‘ceannródaíoch’) agus is dócha go mbeidh a shocrú sin infheidhme ar na hachomhairc eile sa ghrúpa.     |
| Achomhairc iarmharacha                    | Achomhairc a cuireadh isteach chuig loncam roimh bhunú an TAC. Aistríodh na hachomhairc iarmharacha seo chuig an TAC sa dara leath de 2016.   |

|                                      |  |
|--------------------------------------|--|
| Fógra achomhairc                     | An doiciméad is túisce a thugann fógra faoi mhian an cháiníocóra achomharc a dhéanamh. Deir alt 949I TCA 1997 gur gá gach iarratas ar achomharc ag an TAC a dhéanamh trí Fhógra Achomhairc a chur isteach. |
| Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc | An foras ar a dtiteann sé moltóireacht a dhéanamh ar achomhairc chánach roimh bhunú an TAC. Níorbh ann d'Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc tar éis 21 Márta 2016.                                       |
| OPW                                  | Oifig na nOibreacha Poiblí   |
| Imlíne Argóintí                      | Imlíne scríofa de na hargóintí ar a mbeidh páirtí ag brath le linn éisteacht an achomhairc, arna thabhairt don TAC de réir alt 949S TCA 1997.  |
| PAS                                  | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  |
| P.O.                                 | Príomh-Oifigeach   |
| Achomhairc roimh bhunú               | Achomhairc a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc roimh 21 Márta 2016.   |
| PSSC                                 | Ionad Seirbhíse Comónta Pá-rolla   |
| Candam                               | Suim na cánach atá faoi dhiospóid idir na páirtithe.   |
| Ioncam                               | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim   |
| SLA                                  | Comhaontú Seirbhíse  |
| Ráiteas Cáis                         | Achoimre scríofa ar na fíricí agus an fhianise is rún le páirtí a chur faoi bhráid éisteacht an achomhairc, arna thabhairt ag páirtí don TAC de bhun 949Q TCA 1997.  |
| TAC                                  | Coimisiún um Achomhairc Chánach  |



---

## TÉARMAÍ A BHÁINEANN LE CÁIN

|                       |  |
|-----------------------|--|
| AVC                   | Ranníocaíocht Dheonach Bhreise                                     |
| BIK                   | Sochar Comhchineáil  |
| CAT                   | Cáin Fháltas Caipitiúil  |
| Tairseach CAT Grúpa A | Tairseach díolúine CAT maidir le tabhartas tuismitheora do pháiste |
| CATCA 2003            | An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003                 |
| CGT                   | Cáin Ghnóthachan Caipitiúil  |
| CT                    | Cáin Chorparáide   |
| DIRT                  | Cáin Choinneála ar Ús Taisce                                       |
| DWT                   | Cáin Iarchoimeádta Díbhinne  |
| EII                   | Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta                          |
| HRI                   | Dreasacht Athchóirithe Tí  |
| IT                    | Cáin Ioncaim   |
| LPT                   | Cáin Réadmhaoine Áitiúil   |
| OMSP                  | Praghas Díola Margaidh Oscailte                                    |
| ÍMAT                  | Íoc Mar a Thuillir   |
| PREM                  | ÍMAT & ÁSPC arna n-íoc ag an bhFostóir                             |
| ÁSPC                  | Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa                                  |
| PSWT                  | Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla                             |

---

|            |   |
|------------|---|
| RCT        | Cáin Chonarthaí Iomchuí                                     |
| SPCCC      | Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil           |
| SURE       | Athchistithe Tionscnaimh d'Fhiontraithe                     |
| TCA 1997   | An tAcht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a leasaíodh           |
| TCC        | Deimhniú Imreíteigh Cánach                                  |
| MSU        | Muirear Sóisialta Uilíoch                                   |
| VATCA 2010 | An tAcht Comhdhlúite Cáin Breisluacha 2010, mar a leasaíodh |
| VRT        | Cáin Chláraithe Feithiclí                                   |

---

# Athchóiriú ar an gCóras Achomhairc Chánach

Tar éis geallúint a rinne an tAire Airgeadais i gCáinainéis 2014 chun athchóiriú a dhéanamh ar ról, ar fheidhm agus ar struchtúr Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc, bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ar an 21 Márta 2016. Tháinig an Coimisiún um Achomhairc Chánach in áit Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Pléitear le forbairtí le linn 2016 agus 2017 i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo.

Maidir le hathchóiriú reachtach le déanaí, seo a leanas na hathruithe reachtacha a thug ailt 49 agus 55 den Acht Airgeadais 2018 isteach, le feidhm ón 19 Nollaig 2018;

- Rinne alt 49 FA 2018 leasú ar alt 159A den Acht Comhdhlúite Dleachta Stampa 1999 chun foráil a dhéanamh gur féidir achomharc a dhéanamh faoi dhiúltú ar éileamh aisíocaíochta faoi alt 159A, de réir alt 949I TCA 1997.
- Rinne alt 55(a) leasú ar alt 669(5) TCA 1997, a bhaineann le feirmeoireacht agus le garraíodóireacht mhargaidh, trí fho-alt nua 669(5)(c) a chur isteach. Leagann an fo-alt breise amach fachtóirí le meas ag Coimisinéirí Achomhairc agus iad ag déanamh socrúithe maidir leis an luach atá le cur ar stoc trádála.
- Rinne alt 55(b) leasú ar alt 949P(1) trí alt 960L a chur isteach in áit tagairt d'alt 960K agus chealaigh alt 55(d) alt 949AG.
- Chealaigh alt 55(c) fo-ailt (d) agus (e) d'alt 949Q(2) TCA 1997. Baineann na fo-ailt seo le hiarratais ar Ráiteas Cáis. De bhun an leasaithe ag an Acht Airgeadais, bhain an Coimisiún dhá ní ón ngnáthiarratas ag an gCoimisiún ar Ráiteas Cáis, mar atá (i) liosta agus cóipeanna den ábhar scríofa ar rún le páirtí brath air le linn éisteacht, agus (ii) mionsonraí finnétithe a bheidh le glaoch ag an éisteacht.
- Chealaigh alt 55(d) alt 949AG TCA 1997.
- Leasaigh alt 55(e) alt 949AN lena shoiléiriú gur féidir le hachomharc dul ar aghaidh gan éisteacht bhéil tarlú (i.e. trí alt 949U) in imthosca áirithe.

---

# Bunús Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an TAC a bhfuil an dualgas air próiseas nua-aimseartha éifeachtúil a sholáthar i ndáil le héisteacht agus moltóireacht a dhéanamh ar dhiospóidí cánach, de réir fhorálacha na reachtaíochta ábhartha.

Is é an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, an tAcht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a leasaíodh, agus reachtaíocht bhainteach, an reachtaíocht atá i gceist.

Rinneadh dlí den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) faoi lámh an Uachtaráin ar an 25 Nollaig 2015. Chuir an tAire Airgeadais a shíniú leis na horduithe cuí tosaigh feidhme, le feidhm a thabhairt do na forálacha reachtacha nua, ar an 26 Feabhra 2016. Ar an 21 Márta 2016, bunaíodh an TAC agus tháinig an réimeas nua i bhfeidhm le próiseáil a dhéanamh ar achomhairc chánach.

Déanann alt 10 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 foráil shonrach go mbeidh an Coimisiún agus a chuid comhaltaí neamhspleách agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhme. Lena chois sin, tá forálacha éagsúla in Acht 2015 a thugann de chumhacht do na Coimisinéirí bainistiú níos gníomhaí a dhéanamh ar chásanna ná mar ba ghnáth roimhe, rud a dhaingníonn oibríocht neamhspleách an phróisis achomhairc.

Faoi láthair tá beirt Choimisinéirí Achomhairc ar an gCoimisiún, ceaptha ag an Aire Airgeadais, Coimisinéir Achomhairc sealadach agus foireann riaracháin a thacaíonn le hobair na gCoimisinéirí.


# Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is é príomhról an TAC moltóireacht, éisteacht agus socrú a dhéanamh i ndáil le hachomhairc ar chinntí agus ar shocruithe a rinne na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cáin agus dleacht. Tá na sainfheidhmeanna ag na Coimisinéirí um Achomhairc leagtha amach in alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Tá ceangal ar na Coimisinéirí um Achomhairc, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, a chinntiú go bhfuil na cúrsaí faoina mbráid inrochtana, cothrom agus curtha de lámh chomh tapa agus is féidir.

Tá roinnt forálacha in Acht 2015 a bhfuil an cuspóir acu tacú agus slánú a dhéanamh ar neamhchlaontacht agus ar neamhspleáchas na gCoimisinéirí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhme, mar atá, inter alia, alt 3 a bhunaíonn an Coimisiún mar chomhlacht corparáideach, alt 6 a bhunaíonn feidhmeanna na gCoimisinéirí um Achomhairc agus alt 10 a chuireann ceangal ar an gCoimisiún a bheith neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

## An Eagraíocht



# Achomhairc Reatha

Chun críche na tuarascála seo, is ionann 'achomhairc reatha' agus iad siúd a fuarthas ar an 1 Eanáir 2016 nó ina dhiaidh.

Déantar achomhairc reatha a ghlacadh, a phróiseáil agus a shocrú de réir fhorálacha Chuid 40A TCA 1997. Le linn 2018, rinne an TAC athbhreithniú ar gach comhad achomhairc reatha agus rinne socruithe (agus nuair ba chúí, thug treoir) i ndáil le Comhdhálacha Bainistithe Cáis a réachtáil, tuilleadh eolais agus/nó Ráitis Cáis agus/nó Achoimre Cáis a lorg. Sa chás gurbh fhéidir sin, rinneadh liostú ar achomhairc le haghaidh éisteachta.

In 2018, rinneadh 75 achomharc reatha a liostú le haghaidh éisteachta, rud is ionann agus méadú 289% i gcomparáid le 2017. Lena chois sin, rinneadh 25 socrú maidir le hachomhairc reatha, nó dhá oiread agus a rinneadh in 2017. De réir mar a thiocfaidh deireadh le hachomhairc iarmharacha agus iad siúd a tionscnaíodh roimh bhunú an Choimisiúin, beidh an TAC in ann a chuid achmainní a chur i bhfeidhm ar achomhairc reatha.

Tugann an tábla a leanas imlíne ar achomhairc reatha a ghlacadh agus a dúnadh faoi dheireadh 2018:

| Bliain a osclaíodh achomhairc | Líon achomharc reatha glactha | Líon achomharc reatha dúnta | Líon achomharc reatha fágtha |
|-------------------------------|-------------------------------|-----------------------------|------------------------------|
| 2016                          | 901                           | 622                         | 279                          |
| 2017                          | 1,751                         | 666                         | 1,085                        |
| 2018                          | 1,689                         | 491                         | 1,198                        |
| Iomlán                        | 4,341                         | 1,779                       | 2,562                        |

Cé go raibh méadú suntasach ar an líon achomharc a fuarthas le linn 2017 i gcomparáid le 2016, bhí titim an-bheag ar an líon sin i 2018. Cé go bhfuil méadú suntasach ar an líon achomharc ó 2016, ta méadú freisin ar an líon achomharc a dúnadh. I 2016, dúnadh 200 achomharc san iomlán. Mhéadaigh sé seo go 693 ni 2017 agus mhéadaigh arís go 1,440 in 2018.

San iomlán, ón 1 Eanáir 2016, tá 4,341 achomharc glactha ag an TAC agus tá 1,779 dúnta sa tréimhse chéanna, agus 2,562 achomharc reatha ar láimh ag an 31 Nollaig 2018.

---

Tá anailís mhionsonraithe ar chineálacha na n-achomharc ar fáil sa chaibidil Staidrimh. Tá seasmhacht ag baint leis an gcéatadán achomharc a fuarthas de réir chineál na cánach; is ionann agus breis agus leath na n-achomharc a fuair an TAC iad achomhairc faoi Cháin Ioncaim. In 2017, le cineál amháin cánach nó níos mó a bhain 11% de na hachomhairc ach laghdaigh sé seo go 7% in 2018.

Léiríonn an staidreamh chomh maith go bhfuil difríochtaí suntasacha sna cineálacha achomhairc a fuarthas, bunaithe ar chúrsaí ar nós castacht ceisteanna agus diospóid faoi cheannábhar cánach, measúnuithe líon blianta faoi achomharc agus candam.

Tá sonraí i gcuid de na táblaí sa chaibidil Staidrimh a bhaineann leis an gcandam atá faoi dhiospóid i ndáil leis na hachomhairc a fuarthas (féach Nóta 1 ar Ich 33 a chuireann síos ar an gcaoi a ríomhtar figiúirí 'candam faoi dhiospóid').

Ar an 31 Nollaig 2018, ba é €2.532 billiún an t-iomlán candam faoi dhiospóid i ndáil le hachomhairc a fuarthas agus, ba é €567 milliún an t-iomlán candam faoi dhiospóid i ndáil le hachomhairc a dúnadh in 2018. Fuarthas 5 achomharc sa tseachtain dheiridh de Nollaig 2018 agus orthu sin bhí comhiomlán €2.1 billiún de chandam faoi dhiospóid. Ach na hachomhairc sin a fhágáil i leataobh ón iomlán bliantúil i ndáil le candam, is amhlaidh gur mhó an figiúr candaim d'achomhairc a dúnadh in 2018 (€567 milliún) ná an figiúr candaim d'achomhairc a fuarthas in 2018 (€432 milliún).

---

## Achomhairc Iarmharacha

Is ionann achomhairc iarmharacha agus achomhairc an ama atá caite a rinneadh go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an TAC. Sa dara leath de 2016, aistríodh 2,758 achomharc iarmharach chuig an TAC de réir Chuid 40A TCA 1997.

Ceapadh an tUas. Conor Kennedy BL ina Choimisinéir Sealadach um Achomhairc Chánach i Meitheamh 2017 agus tugadh de dhualgas dó plé leis na hachomhairc iarmharacha. Tar éis athbhreithniú géarchúiseach a dhéanamh ar na comhaid, cuireadh 1,595 de na hachomhairc i ngrúpa le hachomhairc bhainteacha nó le hachomhairc ina bhfuil ceannródaíocht. I bhfianaise an athbhreithnithe seo, laghdaíodh an líon achomharc aonair ó 2,578 go 1,163.

Le linn 2017, dúnadh 182 achomharc (i.e. socraíodh, glanadh, aistarraingíodh nó díbheadh iad). In 2018, dúnadh 253 achomharc iarmharach agus dá réir sin ag 31 Nollaig 2018, tá 728 achomharc iarmharach gan réiteach go fóill. Orthu sin, tá 150 atá go mór chun tosaigh.

Aistríodh an TAC go háitreabh nua níos mó i Meitheamh 2018. Ainneoin srian ar áiseanna seomra éisteachta sa seanáitreabh roimh an athlonnú, bhí 93 cás iarmharach san iomlán le héiseacht in 2018. Ón líon iomlán éisteachtaí sin, chuaigh 26 achomharc ar aghaidh chun éisteachta, glanadh 13 achomharc roimh éisteacht agus cuireadh 54 achomharc ar athló le seans a thabhairt do na páirtithe réiteach a lorg.

Bhí éifeacht leanúnach le comhdhálacha bainistithe cásanna maidir le hachomhairc iarmharacha a chur chun cinn agus bhí 139 comhdháil bainistithe cáis ann i 2018, a raibh tionchar acu ar 580 achomharc.

Chríochnaigh an Coimisinéir Kennedy 9 socrú i ndáil le 10 n-achomharc in 2018 agus iarradh achomharc san Ard-Chúirt ar 4 díobh sin de réir alt 949AQ TCA 1997. Tá eolas maidir le staid na n-achomharc sin ar leathanach 16, a dhíríonn ar chásanna a rinneadh.

Anois agus áiseanna méadaithe ar fáil le haghaidh éisteachtaí in áitreabh nua an TAC, táthar ag súil go leagfar amach timpeall 150 achomharc iarmharach le haghaidh éisteachta in 2019.



---

# Achomhairc roimh Bhunú

Is ionann achomhairc roimh bhunú agus achomhairc a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimh bhunú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Bhí 248 achomharc roimh bhunú idir lámha sa TAC ar an 1 Eanáir 2018.

Le linn 2018, rinneadh athbhreithniú grinn ar na 248 achomharc oscailte agus rinneadh beart oiriúnach le cúrsaí a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach agus faoi dheireadh na bliana bhí deireadh curtha le 85 achomharc roimh bhunú, le candam faoi dhiospóid ar fiú €12,990,000 san iomlán é.

De na 85 achomharc a dúnadh, le socrú a dúnadh 9 gcinn. Díbheadh 21 eile ón TAC as teip treoir a chomhlánú a thug an TAC de réir alt 949E TCA 1997. Le linn achomhairc a chur chun cinn ag an TAC, ba rannpháirtíocht idir pháirtithe ba chúis le glanadh nó aistarraingt in 55 cás roimh bhunú. Lena chois sin, liostaíodh 38 achomharc roimh bhunú le haghaidh éisteachta agus liostaíodh 9 gcinn le haghaidh comhdháil bainistithe cáis.

De na 163 achomharc roimh thosach feidhme a bhí ar oscailt fós ar an 31 Nollaig 2018, tá 32 mar chuid de ghrúpa achomharc. Tá 131 achomharc bainteach ar athló go dtiocfar ar shocrú maidir le líon achomharc ceannródaíoch sa ghrúpa sin de 32.

## Cásanna Sonraithe

Forálann alt 949AP TCA gur féidir le páirtí nach bhfuil socrú TAC lena shásamh i ngeall ar earráid maidir le pointe dlí, a iarraidh ar an gCoimisinéir um Achomharc cás a shonrú agus a shíniú le tuairim a fháil ón Ard-Chúirt.

Le linn 2018, shonraigh na Coimisinéirí 11 chás de bhun alt 949AQ TCA 1997 le go bhféadfaí achomharc a lorg san Ard-Chúirt ar shocruithe.

Le cois an 11 cás sonraithe, bhí 43 cás sonraithe roimh bhunú ag an TAC (ie. achomhairc a socraíodh agus d'iarr páirtí míshásta cás sonraithe roimh bhunú an TAC) agus 2017 cás sonraithe idir lámha i dtús 2018. Aistarraingíodh 4 cinn de na cásanna seo le linn 2018. Tá dearbhaithe ag 12 achomharc eile go bhfuil rún acu leanúint ar aghaidh de réir an cháis shonraithe. Tá comhfhreagras ar siúl maidir le 27 iarratas ar chásanna sonraithe roimh bhunú agus ní cinnte fós cén seasamh atá ann maidir leo seo. Tá na cásanna sonraithe roimh bhunú á bpróiseáil ag an TAC de réir na bhforálacha aistrithe atá in ailt 29 agus 30 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

| Líon cásanna sonraithe a glacadh de réir Bliain a Osclaíodh agus Catagóir |        |         |             |      |      |      |
|---|--------|---------|-------------|------|------|------|
| Bliain  | Iomlán | Iarmhar | Roimh bhunú | 2016 | 2017 | 2018 |
| 2016  | 0      |         |             |      |      |      |
| 2017  | 3      |         | 1           | 2    |      |      |
| 2018  | 11     | 4       | 5           |      | 1    | 1    |

Bhí dhá chás shonraithe ag an TAC mar ábhar do bhreithiúnas san Ard-Chúirt le linn 2018, mar atá *Leanne Deane -v- Revenue Commissioners [2017 No. 279R]* agus *Michael O'Neill -v- Revenue Commissioners [2018] IEHC 388*. Sa dá chás, thacaigh an Ard-Chúirt le cinneadh an TAC.

---

# Forléargas ar Shocruithe

Tabhair do d'aire le do thoil gur tráchttaireacht atá sa chaibidil seo a aibhsíonn roinnt saincheisteanna i gcomhthéacs socruithe a rinneadh in 2018, i dtéarmaí ginearálta. Tá tuilleadh sonraí maidir le gach socrú foilsithe ar fáil ach dul ar ár suíomh gréasáin [www.taxappeals.ie](http://www.taxappeals.ie)

## Achomhairc ina bhfuil ceannródaíocht i gceist

Mura n-aontaíonn íocóirí cánach le socrú in achomharc ina bhfuil ceannródaíocht, sa chás gur páirtí iad in achomharc sa ghrúpa a leanann, is féidir leo iarratas a dhéanamh go ndéanfaí difreáil idir fíricí agus imthosca a n-achomhairc féin ón achomharc a socraíodh, agus is féidir go n-iarrfadh siad go n-éistfí go neamhspleách lena n-achomharc, ag tagart d'fhorálacha alt 949AN TCA 1997.

Uaireanta eile, is féidir go socródh an TAC aon achomharc amháin sa chás nach bhfuil grúpa déanta ag an gCoimisiún de na hachomhairc a leanann. D'fhéadfadh an toradh a bheith ar shocrú sa chás seo go mbeadh réiteach ar na saincheisteanna dlithiúla d'achomharcóirí féideartha eile.

Lena chois sin, is féidir go soiléireodh achomharc an dlí ar bhealach a rachadh i bhfeidhm ar íocóirí cánach eile, ainneoin nach mar achomharc ceannródaíoch a thosaigh sé amach. Ní achomhairc cheannródaíocha per se iad na hachomhairc seo, ach is féidir go mbeadh tionchar acu ar líon mór íocóirí cánach atá sa chás céanna.

Bíonn roinnt achomharcóirí i gceist le hachomhairc áirithe. Ní hionann iad seo agus achomhairc cheannródaíocha, óir is lú an líon páirtithe atá i gceist iontu, uaireanta. D'fhéadfaí go ndéanfaí iad a éisteacht in aon éisteacht amháin, agus go mbeadh socruithe difriúla ann nó, más cosúil lena chéile imthosca gach íocóra cánach, d'fhéadfadh na hachomharcóirí a aontú go mbeidh ceangal ag an aon socrú amháin orthu uile.

Ainneoin nár socraíodh aon achomhairc cheannródaíocha le linn 2018, tá achomhairc cheannródaíocha á measúnú faoi dháta foilsithe na tuarascála seo.

## Achomhairc chasta / shubstaintiúla

Bíonn éagsúlacht mhór sna hachomhairc idir ábhar, shubstaint, chastacht agus luach. Níl teorainn le dlínse airgeadais an TAC, rud a chiallaíonn go socraíonn an Coimisiún achomhairc inar beag ar fad an candam atá faoi dhiospóid (is suim €502 a bhí faoi dhiospóid i socrú **06TACD2019**) chomh maith le hachomhairc inar substaintiúil an tsuim atá i gceist (is suim €1,778,458 a bhí faoi dhiospóid i socrú **06TACD2018**). Bíonn na ceisteanna dlithiúla a éilíonn socrú idir chasta agus neamhchasta.

---

## Candam

Tá líon suntasach achomharc a thagann faoi bhráid an TAC nach mbaineann an t-ábhar faoi achomharc le léirmhíniú ar fhoráil de na hAchtanna um Chánacha, agus go n-eascaíonn an díospóid idir na páirtithe as an gcandam ioncam inchánach agus/nó as an gcandam asbhainte a iarradh (féach socrú **5TACD2019**).

Éilíonn na hachomhairc seo go ndéanfaí athbhreithniú mionsonraithe ar leabhar agus ar thaifid ghnó nó thráchtáil an achomharcóra. Tá ceangal ar achomharcóirí cáipéisíocht a choinneáil de réir na bhforálacha reachtacha éigeantacha (alt 886 TCA 1997 agus alt 84VATCA 2010), agus cáipéisíocht a thabhairt uathu mar a éilítear. In achomharc cánach, mura féidir leis an achomharcóir a léiriú go bhfuil an cáinmheas mícheart, seasfaidh an cáinmheas mar atá.

I socrú 5TACD2019 bhí athbhreithniú le déanamh ar fhigiúirí díolacháin oide tiomána i ndáil leis na blianta cánach 2009-2012. Bhí meastachán déanta ag an gCosantóir ar bhonn léamh ón odaiméadar gan coigeartú a dhéanamh i ngeall ar úsáid phríobháideach nó úsáid ag daoine eile faoi árachas an fheithicil a thiomáint. Maidir le léamh an odaiméadair, tharraing an tAchomharcóir suntas ar athróga áirithe a d'fhág nár bhailí an léamh; cúigear ball eile teaghlaigh faoi árachas an fheithicil a úsáid, an t-oide féin ceachtanna tiomána a thabhairt i mbailte eile, agus ceachtanna a bheith tugtha i bhfeithicil an fhoghlaimeora féin. Dá bharr sin, rinneadh figiúirí a choigeartú leis na hathróga sin a thabhairt san áireamh.

## Éilimh ar aisíocaíocht chánach agus teorainn reachtúil tréimhse 4 bliana

Déanann na tréimhsí teorann reachtúil a bhfuil feidhm acu ar íocóirí cánach foráil gur gá éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh faoi cheithre bliana ó dheireadh na dtréimhsí cánach lena mbaineann siad. Is é dáta an chéad éilimh bhailí an dáta a bhaineann le hábhar; féach alt 865 TCA 1997 agus alt 99 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010 mar a leasaíodh ('VATCA2010').

Sa chás go bhfaightear amach agus/nó go nglacann íocóir cánach leis go ndearnadh éileamh taobh amuigh den tréimhse ceithre bliana, tacóidh an TAC leis an diúltú an t-éileamh a aisíoc, óir forálann an reachtaíocht gur gá éileamh bailí a dhéanamh faoin tréimhse reachtúil ceithre bliana.

Murab ionann na páirtithe maidir leis an dáta a ndearnadh éileamh bailí, tá cás le tabhairt agus d'fhéadfadh socrú i leith aon pháirtí teacht as, ag brath ar fhíricí an achomhairc. Mar sin féin, sa chás go mbíonn na páirtithe ar aon intinn go ndearnadh an t-éileamh lasmuigh den tréimhse ceithre bliana, teipfidh ar éileamh an achomharcóra.

---

Sna socruithe a foilsíodh i ndáil leis an riail ceithre bliana, bhí an TAC soiléir faoi chloí leis an teanga shoiléir reachtúil lena chinntiú go mbíonn feidhm aonfhoirmeach leis an riail ceithre bliana. Níl d'údarás ag an TAC an riail a dhífheidmiú i ngeall ar imthosca maolaitheacha, ná eisceachtaí a chruthú i ngeall ar fhorais atruacha. Tá na socruithe comhsheasmhach leis an reachtaíocht agus ní fhorálann siad ar eisceachtaí ar an riail, sa chás nach ndéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht faoin tréimhse reachtúil ceithre bliana

Tá an TAC ag súil go mbeidh laghdú ar an líon achomharc seo thar am i ngeall ar fhoilsiú socruithe le linn 2018 i ndáil leis an riail ceithre bliana (féach socruithe **9TACD2018**, **12TACD2018**, **16TACD2018**, **18TACD2018**, **19TACD2018**, **25TACD2018**, **29TACD2018**, **03TACD2019** agus **04TACD2019**).

### Sochair Stúirthóirí

Is féidir nach mbeadh cáiníocóirí a éilíonn achomharc ar cháinmheas faoi alt 997A TCA 1997 feasach faoi chonstaicí ar an TAC agus iad ag plé le hachomhairc den sórt sin (féach socruithe **5TACD2018** agus **21 TACD2018**).

Forálann alt 997A(3) TCA 1997 nach dtabharfar creidmheas i ndáil le cáin asbhainte de shochair a d'íoc comhlacht le stúirthóir dílseánach ach amháin sa chás go bhfuil fianaise dhoiciméadach ann a thaispeánann go bhfuair loncam an cháin a asbhaineadh.

In achomhairc a bhaineann le cur i bhfeidhm alt 997A TCA 1997, ghlac na hachomharcóirí leis nach bhfuair loncam an cháin a bhí dlíte agus rinne achomharc i ngeall ar chruatan míchuí; mar sin féin, níl de dhlínse ag an TAC cáinmheas a chur i leataobh i ngeall ar chruatan ná ar leatrom. Tá ceangal ar an gCoimisiún déanamh de réir na teanga soiléire reachtúla atá in alt 997A TCA 1997.

Tá an Coimisiún ag súil go dtiocfaidh laghdú ar an líon achomharc a dhéanfar ar bhonn cruatain le himeacht ama, de réir mar a ardófar feasacht nach féidir leis an gCoimisiún cáinmheas a chur i leataobh i ngeall air seo.

---

## Cáin Chláraithe Feithiclé

Faigheann an TAC líon suntasach achomharc sa bhliain i ngeall ar VRT.

Baineann cuid mhór de na hachomhairc le díospóid idir cáiníocóirí agus loncam maidir leis an luach atá le cur ar 'phraghas díola margaidh oscailte' (OMSP) a bheadh ar fheithicil (féach socruithe **06TACD2018**, **07TACD2018**, **10TACD2018**, **13TACD2018**, **22TACD2018**, **06TACD2019** agus **07TACD2019**). Go ginearálta, is ionann an 'praghas díola margaidh oscailte' agus an praghas, gach cáin agus dleacht san áireamh, a bheifí ag dréim a gheobhadh an fheithicil dá ndíolfaí é go neamhthuilleamaíoch sa Stát.

Tá achomharcóirí ann nach molann luachálacha malartacha a thacóidh lena OMSP molta ach mar sin féin féachann siad lena chur ina luí go bhfuil róluach molta ag loncam. Is ar aon achomharcóir ar mhaith leis cur in aghaidh OMSP atá an dualgas cruthúnais in achomhairc VRT, rud is ionann agus gach achomharc cánach.

Cé go mbíonn laghdú ar OMSP i gceist leis an gcuid is mó d'achomhairc maidir le OMSP, tá roinnt ann a éilíonn OMSP níos airde. I socrú **32TACD2018**, bhain an t-achomharc leis an scéim aisíocaíochta onnmhairithe agus ba é an cás ná cé acu a bhí an tAchomharcóir i dteideal aisíocaíocht VRT ó bhí an fheithicil díolta aige le déileálaí i dTuaisceart Éireann. Fuarthas nach raibh an tAchomharcóir ag teacht leis na coinníollacha a bhí leagtha amach sa reachtaíocht, agus go háirithe nach raibh cruthúnas tugtha ag an Achomharcóir go raibh an fheithicil cláraithe i mBallstát eile no go raibh sé onnmhairithe amach as an AE de bhun 135(D)(3)(b) den Acht Airgeadais 1992. Dá thoradh sin, tacaíodh leis an gcinneadh diúltú don aisíocaíocht.

Rinneadh breithniú i leith 'faoiseamh aistrithe cónaí' VRT i socrú **26TACD2018**. San achomharc seo, bhí an tAchomharcóir tar éis faoiseamh ó VRT a lorg ar aistriú a gnáthchónaí ón RA go dtí an Stát, de bhun 134(1)(a) den Acht Airgeadais 1992. Dhiúltaigh loncam an faoiseamh agus an seasamh a bhí acu ná go raibh gnáthchónaí an Achomharcóra, chun críche an fhaoisimh seo, fós sa Stát. Socraíodh go raibh 'gnáthchónaí' an Achomharcóra fós sa Stát agus tacaíodh leis an gcinneadh ag loncam gan an faoiseamh a thabhairt. Le 'faoiseamh aistrithe cónaí' a bhain socrú **10TACA2019** chomh maith.

Bhain Socrú **30TACD2018** le hachomharc in aghaidh VRT a fearradh i ndáil le cúchoiriú feithiclé de réir S.I. Uimh. 353/1994 – Rialacháin (Iamháltais cánach) Tiománaithe faoi Éagumas agus Paisinéirí faoi Éagumas 1994.

---

## Díolúine lucht ealaíne

I gcomhthéacs grúpáil a dhéanamh d'achomhairc a bhaineann le héilimh ar dhíolúine, faigheann an TAC líon suntasach achomharc gach bliain maidir le héilimh ar dhíolúine de bhun alt 195 de TCA 1997, ar a dtugtar go coitianta 'díolúine lucht ealaíne'. Roghnaíonn cuid mhór achomharcóirí go ndéanfaí moltóireacht ar a n-achomhairc gan éisteacht de réir 949U TCA 1997.

Bhí siad seo a leanas ar na cásanna a socraíodh faoi s.195 TCA 1997:

- Soiléiríonn **02TACD2019** an cur chuige a ghlacann an TAC sa chás go maíonn Achomharcóir go mbaineann saothar le níos mó ná catagóir amháin neamhfhicsin. Rinne an socrú breithniú ar chatagóirí difriúla laistigh de na Treoracha atá i bhfeidhm faoi alt 195 (12) 1997.
- Cabhraíonn socrú **20TACD2017** le soiléiriú a thabhairt ar an gciall atá le 'dírbheathaisnéis'. San achomharc seo, is dírbheathaisnéis a bhí i gcuid den leabhar, seachas an t-iomlán. Níor dhírbheathaisnéis é mar sin chun críche na dTreoracha i bhfeidhm faoi alt 195 (12) TCA 1997;

Táthar ag súil go mbeidh laghdú thar am ar an líon achomharc a fhaightear maidir le 195 TCA 1997, i ngeall ar fhoilsiú na socruithe seo, a shoiléiríonn paraiméadair na gcatagóirí éagsúla díolúine do scríbhneoirí, chumadaóirí agus ealaíontóirí.

## Socruithe eile cánach

Rinneadh socruithe fosta i ndáil leis na nithe seo a leanas:

### Cáin Chorparáide

Bhain socrú **02TACD2018** le hin-asbhainteacht cáin iarchoimeáda eachtrannach faoi alt 81 TCA 1997. Bhí an tAchomharcóir gafa le soláthar réiteach bogearraí ar an margadh domhanda agus is aige a bhí an ceart domhanda ar an mbogearra sin. Thug sé ceadúnas ar an mbogearra do chustaiméirí ar tháille nó ríchíos. Asbhaineadh cáin iarchoimeáda eachtrannach ó íocaíochtaí ceadúnais sna hionaid Comhaontú Cánach Dúbalta (DTA) agus sna hionaid neamh-DTA. Na saincheisteanna a bhí le socrú ná cé acu a bhí an cháin iarchoimeáda a gearradh ar an Achomharcóir (seachas an méid faoi fhaoiseamh faoi fhorálacha DTA) 'leagtha amach nó caite chun críche trádála' laistigh de bhrí alt 81(2)(a) TCA 1997 ar an mbonn gur caitheadh é go hiomlán agus go heisiach chun críche na trádála, agus cé acu a bhí nádúr cailteanais i gceist leis an gcáin iarchoimeáda.

---

Seo a leanas an socrú a rinne an Coimisinéir um Achomhairc;

- Tá nádúr cánach ioncaim ag cáin iarchoimeádta eachtrannach a ghearrfadh stát foinse ar an ioncam ón ríchíos ceadúnais bogearra.
- Ní hionann cáin iarchoimeádta eachtrannach a ríomh ar ollioncam agus a nádúr mar cháin ar ioncam a bhaint díobh.
- Ní caiteachas in-asbhainteach de bhun 81(2)(a) TCA 1997 í cáin iarchoimeádta eachtrannach a ghearrfaí ar ioncam ó ríchíos.
- Ní hionann agus cailteanas é cáin iarchoimeádta eachtrannach a d'asbhainfí, de réir 81(2)(e) TCA 1997.

### Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Bhain socrú **17TACD2018** le hachomharc ar cháinmheas ar cháin ioncaim a gearradh de bhun alt 640 TCA 1997 i ndáil le brabús Cás I a tháinig ó thalamh a dhíol nó a fhorbairt. Bhain an socrú fosta le diúltú an Chosantóra faoiseamh CGT a cheadú faoi alt 604 TCA 1997 i ndáil le héileamh an Achomharcóra maidir le Príomháit Chónaithe Phríobháideach.

### Cáin Fáltas Caipitiúil

Rinne socrú **14TACD2018** breithniú faoin tsaincheist cé acu ar gheall le híocaíochtaí as 'tacaíocht' nó 'cothabháil' iad íocaíochtaí a fuair duine óna thuismitheoirí, laistigh le bhrí na díolúine CAT dá bhforáiltear in alt 82(2) CATCA 2010. Le go gcáileodh sí don díolúine seo, ba ghá go mbeadh an íocaíocht ina gnáthchuid de chaiteachas an diúscóra agus a bheith réasúnta i bhfianaise a s(h)easamh airgeadais. Bhí an argóint ag an Achomharcóir gurbh amhlaidh dó ina fhostaí ar phá íseal de chuid chomhlacht a athar, gur íocadh na costais leis lena chostas maireachtála a ghlanadh, agus tharla gur íocadh iad thar thréimhse fhada, gur gheall le gnáthchaiteachas ag a thuismitheoirí iad.

Bhí an Coimisinéir um Achomharc ar aon intinn leis an gCosantóir gur shoiléir, ón léirmhíniú soiléir ar an reachtaíocht, nach í an chríoch a bhí leis an díolúine dá bhforáiltear in alt 82(2) CATCA 2010 maoin a aistriú go páistí agus gur ghá imthosca airgeadais an Achomharcóra a chur san áireamh. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise, chinn an Coimisinéir um Achomhairc nárbh ionann na híocaíochtaí agus 'tacaíocht' nó 'cothabháil' i bhfianaise go raibh acmhainní flúirseacha ag an Achomharcóir agus gur úsáideadh na híocaíochtaí lena mhodh maireachtála a mhaoiniú agus lena phunann réadmhaoine a chothabháil. Dá réir sin, shocraigh sé nach raibh íocaíochtaí den sórt sin incháilithe don díolúine.

An cheist a bhí le socrú in **33TACD2018** ná cé acu a bhí an tAchomharcóir i dteideal éileamh a dhéanamh ar dhíolúine ó CAT de bhun alt 79 CATCA 2003 i dtaca le hoidhreacht a baineadh dá mhac. Déanann alt 79 foráil i leith díolúine ó CAT sa chás go mbaineann tuismitheoir



---

oidhreacht de pháiste má ghlac an páiste tabhartas neamh-dhíolmhaithe ón tuismitheoir sa tréimhse 5 bliana roimh dháta báis an pháiste. D’agair an tAchomharcóir sa chás seo gur thug sé suim neamhdhíolmhaithe airgid dá mhac le linn na 5 bliana roimh bhás a mhic agus da réir sin bhí sé i dteideal na díolúine ó CAT de bhun alt 79. Ba é argóint an Chosantóra nár leor an fhianaise go bhfuair mac an Achomharcóra an t-airgead agus dhiúltaigh an díolúine mar sin. Bhí an Coimisineir, tar éis luacháil a dhéanamh ar an bhfianaise, sásta gur dóichí gur éirigh leis an Achomharcóir a chás a chruthú, agus socraíodh an t-achomharc mar sin ina leith siúd..

### Cáin Ioncaim

#### Alt 130 TCA 1997

Bhain socrú **24TACD2018** le haistriú ceart ar scaireanna a bhain le cineál scaireanna i gComhlacht B ina gcineál eile scaireanna i gComhlacht B, ar le duine iad a bhí ina bhall freisin de Chomhlacht C, agus go sonrath cé acu a bhain t-aistriú sin inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim mar dháileadh. Bhíothas den tuairim gur geall le beart ceart dílseán é scair, rud ab ionann agus réadmhaoin neamhchorprach a bhí ina sócmhainn chun críche na cánach. Socraíodh go bhféadfaí na cearta ar scaireanna a aistriú go neamhspleách ar na scaireanna a aistriú. Socraíodh freisin go raibh dáileadh ioncaim ann laistigh de bhrí alt 130 TCA 1997, óir ba gheall le sócmhainn a aistriú ag comhlacht na scaireanna a athrú, do bhall den chomhlacht de luach ar airde é ná aon chomhaoin a d’íoc an ball leis an gcomhlacht. Rinneadh tagairt do chinneadh 10TACD2016 a rinneadh cheana inar measadh ceisteanna den chineál céanna.

#### Díolúintí Caiteachais – Alt 114 TCA 1997

Bhain socrú 08TACD2018 le hin-asbhainteacht costas béilí a bhí ar an Achomharcóir agus é ag obair mar gharraíodóir féinfhostaithe. D’éiligh sé díolúine de réir rátaí na Státseirbhíse. D’agair sé go raibh sé éagórach agus leatromach costais a bhéile le linn a féinfhostaíochta a dhícheadú, in imthosca a mbeadh costais den sórt in-asbhainteach i gcás fostaí. D’fhéach sé le tacú lena sheasamh maidir leis seo trí bhrath ar chás an ECJ Jusilla v Finland(73053/01) (2006) ECHR 996 agus cás na Cúirte Uachtaraí Keogh v Criminal Assets Bureau [2004] 2 IR 159.

D’agair an Cosantóir nach raibh an tAchomharcóir i dteideal costais a asbhaint faoi alt 114 TCA 1997 óir is ar fhostaithe atá an t-alt sin dírithe agus ní bhaineann le daoine féinfhostaithe. D’fhreagair an Cosantóir nach raibh na costais in-asbhainteach faoi alt 81(2) TCA 1997 óir ba chostais phríobháideacha baile iad agus nárbh féidir a rá gur chun críche a thrádála agus chun na críche sin amháin a caitheadh iad, laistigh de bhrí 81(2)(b) TCA 1997.

Bhí an Coimisineir um Achomhairc ar aon intinn leis an gCosantóir agus luaigh chomh maith, dá mba ghá breithniú a dhéanamh ar cé acu a d’éirigh leis an Achomharcóir ina dhualgas cruthúnais, bheadh teip ann, óir níor thug sé uaidh fianaise dhoiciméadach lena chás a chruthú.

---

Dhearbhaigh an Coimisinéir lena chois sin nach raibh de dhlínse ag na Coimisinéirí a shocrú cé acu a bhí foráil reachtúil éagórach nó leatromach agus nach raibh de chumhacht reachtúil acu prionsabail maidir le cothromais a chur i bhfeidhm, ná faoiseamh dearbhaitheach a thabhairt.

Bhain socrú **20TACD2018** le cé acu ba gheall le hioncam íocaíochtaí costais a rinne comhlacht fostaíochta leis an Achomharcóir, agus inmhuirearaithe i leith cánach faoi alt 112 TCA 1997. Bhí an comhlacht gafa le seirbhísí innealtóireachta a sholáthar do chliant i réimse ionad éagsúil san Eoraip. Bhí an tAchomharcóir i gceannas ar bhainistiú ar an láthair a dhéanamh ar thionscadail suiteála agus coimisiúnaithe. Ba ghá dó mar sin, mar chuid den obair, imeacht ó oifig an chomhlachta maidin Dé Luain, árasán a ghlacadh ar cíos agus filleadh abhaile tráthnóna Dé hAoine. Ar na costais a d'éiligh an tAchomharcóir bhí caiteachas deimhnithe taistil agus lóistín mar aon le costais taistil agus cothaithe gan deimhniú.

D'agair an tAchomharcóir go bhféadfaí brath ar an gcás dlí a bhain le hoibrithe sealadacha le dlísteánú a dhéanamh ar a sheasamh gur chóir do na costais taistil, idir a ionad féin agus ionaid dhifriúla oibre, a bheith in-asbhainteach. Chuir an Cosantóir ina aghaidh seo ar an mbonn gur mar gheall ar an riachtanas é a bheith ar an láthair lena phost a dhéanamh a gearradh an caiteachas, agus nárbh ionann a imthosca agus iad siúd a bhaineann do dhíoltóir nó do thaistealaí tráchtála.

Shocraigh an Coimisinéir gur chóir caitheamh le haisiúc taistil agus cothaithe mar pheorcáis ainneoin nár baineadh aon sochar pearsanta, mar gheall ar na forálacha ábhartha in alt 114 TCA 1997 agus alt 117 TCA 1997.

Maidir leis an gcaiteachas deimhnithe taistil, dar leis an gCoimisinéir nár gearradh na costais trí fheidhmiú dhualgas na hoifige nó na fostaíochta, i ngeall ar an dá chríoch a bhí leo agus dá réir sin níorbh asbhainteach dóibh. Maidir leis na híocaíochtaí cothaithe, dar leis nár gearradh iad seo chun críche fheidhm na fostaíochta agus chun na críche sin amháin, agus ar an dóigh chéanna nárbh asbhainteach dóibh faoi alt 114 TCA 1997. Dhearbhaigh an Coimisinéir nach raibh de dhlínse aige maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhartha riaracháin a bhain le míchothromas féideartha sa chaoi ar thuig an Cosantóir an cód cánach.

#### **Teorainn ama 4 bliana le Measúnuithe a ardú**

Bhain socrú **11TACD2018** leis an mbliain chuí le cáin a ghearradh ar luach saothair a fuair fostaí faoi scéim iarchurtha scaireanna. Bronnadh gnáthscaireanna ar an Achomharcóir, a coinníodh in iontaobhas tréimhse iarchurtha 3 bliana. Níor dílsíodh na scaireanna gur ídíodh an tréimhse trí bliana agus ní raibh aon cheart mar scairshealbhóir ag an Achomharcóir idir an

---

dá linn. Aontaíodh gur shochair iad na scaireanna a bhí inchánach faoi alt 112 TCA 1997. Níor chuimsigh an tAchomharcóir mionsonraí na scaireanna sa tuairisceán cánach aige ceachtar acu bliain an bhronnta féin ná bliain an aistrithe.

D'agair an Cosantóir go raibh na scaireanna inchánach sa bhliain ar aistríodh chuig an Achomharcóir iad agus d'eisigh ráiteas cothromúcháin ÍMAT don bhliain sin. Luaigh an tAchomharcóir go raibh teorainn ama leis an ráiteas cothromúcháin i ngeall ar an rial 4 bliana ar an mbonn go raibh an bronnadh scaireanna inchánach sa bhliain a bronnadh na scaireanna. Dar leis an gCoimisinéir um Achomharc nárbh fhéidir an bronnadh scaireanna a aistriú ina chuntas airgid roimh a aistriú go hainm an Achomharcóra agus mar sin nárbh ann don ghearradh cánach roimh bhliain an aistrithe.

D'aontaigh an Coimisinéir um Achomharc gur neamhiomlán an tuairisceán cánach a rinne an tAchomharcóir don bhliain a aistríodh na scaireanna chuige. Bhí an Coimisinéir den tuairim mar sin nár bhain an teorainn ghinearálta 4 bliana, mar gheall ar alt 955(2) TCA 1997. Shocraigh an Coimisinéir go raibh an ráiteas cothromúcháin in am.

### Scéim Cabhair le Ceannach – Faoiseamh ó Cháin Ioncaim

Tá faoiseamh ó cháin ioncaim ar fáil faoi alt 477C TCA 1997. An scéim 'Cabhair le Ceannach' a thugtar ar an bhfaoiseamh seo. Sa chás go dtugtar faoiseamh, tugann sé lacáiste ar cháin ioncaim do cheannaithe céaduaire a cheannaíonn nó a dhéanann áit chónaí nua-dhéanta.

Is alt fada é alt 477C TCA 1997 ina bhfuil sainmhíniú soiléir ar bhrí chruinn téarmaí a úsáidtear agus na coinníollacha is gá a shásamh leis an bhfaoiseamh a fháil. Ar na coinníollacha sin tá an gá le hiasacht incháilithe a tharraingt anuas agus is ga gurbh ionann sin agus 70% ar a laghad den phraghas ceannaithe nó 70% den luacháil féintógála.

I socrú **01TACD2018** níor shroich méid iasachta an Achomharcóra an cóimheas iasacht-luach mar a shainmhínítear in alt 477C TCA 1997; bhí sé níos lú ná 0.25% gann ar an 70%. D'agair an tAchomharcóir gur chóir neasú suas a dhéanamh ar an gcéatadán seo mar is nós go minic sa phlé le euro agus cent. Dar leis an socrú nach raibh d'údarás ag an TAC imeacht ón riachtanas soiléir reachtúil 'nach lú ná 70%' agus mar sin bhí teipthe ar an Achomharcóir na riachtanais íosta iasacht-luach a shroicheadh le teacht faoin scéim Cabhair le Ceannach.

I socrú **31TACD2018**, rinne an Coimisinéir breithniú ar an riachtanas gur ghá don duine a bheith ina cheannaí céaduaire san am a bhfuil an t-éileamh ar fhaoiseamh á dhéanamh. Ciallaíonn ceannaí céaduaire duine nár cheannaigh ná nach ndearna áit chónaí riamh roimhe. San

---

achomharc seo, cheannaigh an tAchomharcóir teach feirme a bhí ann cheana, agus talamh leis agus cead pleanála an teach feirme a leagan agus áit chónaí nua a dhéanamh.

Ní raibh na páirtithe ar aon intinn faoi cad is ‘áit chónaí’ ann chun críche an tsainmhíne mar cheannaí céaduaire. Mar sin féin, d’aontaigh an dá pháirtí gurb ionann áit chónaí agus ‘foirgneamh atá oiriúnach chun é a úsáid mar áit chónaí’.

Thug an tAchomharcóir isteach tuarascáil mhionsonraithe ailtire ar dhálaí na réadmhaoine agus dar leis nárbh oiriúnach an teach feirme a úsáid mar áit chónaí. Ba í an tuarascáil sin an fhianaise b’fhéarr a bhí ar fáil don Choimsinéir faoin riocht ina raibh an réadmhaoin. Dá réir sin, shocraigh an TAC go raibh an tAchomharcóir i dteideal faoiseamh a fháil faoi alt 477C.

#### **S.1025 TCA 1997 - Cothabháil i gcás céilí scartha**

Bhain socrú **01TACD2019** le hachomharc ar chinneadh a rinne an Cosantóir gan faoiseamh alt 1025 TCA 1997 a thabhairt ar éileamh an Achomharcóra líon blianta cánach.

Chuir an Cosantóir ina leith go bhfuair an tAchomharcóir sochar ó íocaíochtaí cothabhála a rinne sé, óir úsáideadh an t-airgead le morgáiste a aisíoc ar an teach cónaithe teaghlaigh, ar leis an Achomharcóir 50% de.

Shocraigh an TAC i leith an Achomharcóra mar ní raibh an bhrí in alt 1025(2) a bhí á mhaíomh ag an gCosantóir, ainneoin go raibh sochar neamhdhíreach á fháil ag an Achomharcóir ón laghdú ar fhiacha morgáiste ar theach cónaithe an teaghlaigh.

#### **S.640 and S.604 TCA 1997 – Talamh a dhíol nó a fhorbairt/Faoiseamh Príomháit Chónaithe Phríobháideach**

Bhain socrú **17TACD2018** le hachomharc ar mheasúnú ar Cháin Ioncaim, arna muirearú de bhun alt 640 TCA 1997 i ndáil le brabús Chás 1 a tháinig ó dhíolaíocht nó ó fhorbairt talaimh. Bhain an socrú freisin le diúltú an Chosantóra faoiseamh CGT a cheadú faoi alt 604 TCA 1997 i ndáil le héileamh an Achomharcóra i dtaca le Príomháit Chónaithe Phríobháideach.

Níor thacaigh an fhianaise a sholáthair an tAchomharcóir lena éileamh gur theach cónaithe a bhí mar príomháit chónaithe aige a bhí sa réadmhaoin a bhí i gceist. Níor thug an tAchomharcóir aon fhianaise gur chónaigh sé san áit le linn a thréimhse úinéireachta. Léiríodh freisin sa chomhaontú iasachta i gcomhair cheannach agus athchóiriú an áitribh gur iasacht ghearrthéarmach thráchtála í. Anuas air sin, léiríodh trí fhíríicí eile gurbh ann do na suaitheantais trádála.

---

Dá thoradh sin, shocraigh an TAC go raibh an tAchomharcóir gafa le díol agus ceannach talamh forbartha agus tacaíodh leis na measúnuithe cánach ioncam a bhí déanta.

### Creidmheasanna Cánach Ioncaim

Bhain socrú **15TACD2018** le hachomharc ar aistarraingt creidmheas cánach teaghlaigh aontuismitheora. Bhain socrú **28TACD2018** le héileamh i ndáil le Creidmheas Cúramóra Páiste Duine Shingil de réir alt 462B TCA 1997. Bhain socrú **27TACD2018** le teidlíocht an Achomharcóra don chreidmheas cánach páiste éagumasaithe de bhun alt 465 TCA 1997.

### Cáin Réadmhaoine Áitiúil

Rinne socrú 09TACD2019 breithniú ar cé acu an duine a bhí san Achomharcóir a bhí faoi dhliteanas LPT ar an dáta dliteanais 1 Bealtaine 2013. Sholáthair an tAchomharcóir cineálacha éagsúla lóistín mic léinn tríú leibhéal laistigh agus lasmuigh den champas. Bhí dliteanas LPT an Achomharcóra ag brath cé acu ba 'réadmhaoin ábhartha cónaithe' an lóistín agus cé acu a bhí siad 'in úsáid nó inúsáide le haghaidh cónaithe'.

Rinne an Coimisinéir um Achomharc cigireacht ar an áitreabh a bhí i gceist, le cuireadh ó na páirtithe. Thug an Ceannasaí Lóistín fianaise maidir le nádúr an lóistín agus an mhaoirseacht air ag an Achomharcóir. D'agair an tAchomharcóir go mbíonn bríonna difriúla leis an téarma 'áit chónaithe' i gcomhthéacsanna difriúla reachtúla. D'agair an tAchomharcóir nach socraíonn sainmhíniú an téarma i gcomhthéacs amháin an bhrí atá leis i gcomhthéacs eile.

Ghlac an Coimisinéir um Achomharc leis an argóint ag an gCosantóir nach raibh aon débhríochas i dtaca leis an téarma 'áit chónaithe' agus gur chóir glacadh le gnáthbhrí an téarma. Ar an mbonn seo chinn sé gurb ionann áit chónaithe agus réadmhaoin ina gcónaíonn duine nó daoine. D'aontaigh sé le seasamh an Chosantóra, dá mba mhian leis an Oireachtas go mbeadh brí theicniúil nó cháilithe ag an téarma 'áit chónaithe' go ndéanfadh sé foráil air sin, ach nach raibh déanta amhlaidh aige. Ar aon dul leis sin, chinn an Coimisinéir um Achomharc dá mba mhian leis an Oireachtas an cineál lóistín a sholáthair na hAchomharcóirí a dhealú ón muirear LPT, go bhféadfadh sé é a chuimsiú sna díolúintí a bhforáiltear go sonrach dóibh san Acht.

Ní raibh an Coimisinéir um Achomharc ag teacht le háiteamh an Achomharcóra go raibh scaoilteacht nó débhríochas ag baint leis an téarma áit chónaithe mar a úsáideadh é i gcomhthéacs na reachtaíochta LPT. Bhí an tuairim aige dá mbeadh aon duine in éineacht leis le linn na cigireachta ar an lóistín mic léinn, go mbeadh an tuairim aige mar an gcéanna gur áit

---

chónaithe í an lóistín ó bhí áit chodlata, áiseanna cócaireachta agus sláinteachais, arna soláthar go gar nó go leithleach.

Tar éis cuairt a thabhairt ar an áitreabh, agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a tugadh, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na téarmaí áitíochta agus áitimh dhlithiúla ag an dá pháirtí, shocraigh an Coimisinéir um Achomhairc gurbh amhlaidh gur áiteanna chónaí, chun críche LPT, a bhí sa lóistín a sholáthar an tAchomharcóir.

### Cáin Bhreisluacha

Bhain socrú **03TACD2018** le feidhm CBL ar tháillí scaoilte clampaí ag oibríteoir carrchlós íoc agus taispeáin ar le cuaille bactha a dhúntar iad. Ghearr an tAchomharcóir táillí scaoilte clampaí i ndáil le custaiméirí a pháirceáil san áit mhícheart nó a d'fhan thar an tréimhse cheadaithe don pháirceáil. Bhí an tuairim ann nach gníomhaíocht thrádála a bhí sa scaoileadh clampaí seo as féin, agus nach raibh aon chonradh nua ann nuair a scaoileadh an clampa. Dá réir sin, chinn an Coimisinéir nach raibh aon nasc díreach idir baint an chlampa agus íoc na táille. Tharla gur tháinig ann don táille díchlampála i gcomhthéacs ghníomh forfheidhmithe an Achomharcóra, bhí an tuairim ann nach ar sheirbhís inchánach a gearradh í. Socraíodh go raibh an táille scaoilte ann in ionad damáistí ar fhoghail agus mar sin nár bhain CBL léi.

### ÍMAT/PRSI

An cheist a bhí ann i socrú **23TACD2018** ná cé acu a bhí tiománaithe ag seachadadh bia, fostaithe ag an Achomharcóir, ag oibriú faoi théarmaí conartha seirbhíse (b'fhostaithe iad) nó an conradh le haghaidh seirbhíse a bhí acu (bhí siad féinfhostaithe). D'ardaigh an Cosantóir meastacháin ÍMAT/PRSI ar an mbonn gurbh fhostaithe iad na tiománaithe. An cheist a bhí le socrú ag an TAC ná arbh ionann na híocaíochtaí a fuair na tiománaithe agus íocaíochtaí laistigh de bhrí alt 112 TCA 1997 nó an daoine féinfhostaithe iad tiománaithe seachadta atá innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I Sceideal D i ndáil le hioncam ó cheird.

Ba iad seo a leanas na ceistanna a bhí le breithniú san achomharc seo;

1. Cé acu a bhí baint ag urbhac leis an achomharc agus a ábhartha, más ea, a bhí cinneadh in 2008 ag oifigeach achomhairc leasa shóisialaigh i ndáil le tiománaí seachadta a bhí éirithe as.
2. Cé acu a bhí comhoibleagáid ann nó as sna conarthaí idir an Achomharcóir agus a chuid tiománaithe
3. Cé acu an conarthaí seirbhíse nó conarthaí le haghaidh seirbhísí iad na conarthaí idir na hAchomharcóirí agus na tiománaithe

---

Seo a leanas achoimre ar shocrú an TAC: -

1. Shocraigh an TAC nárbh ann don urbhac óir ní raibh aon ionpháirteacht leasmhar idir na páirtithe san achomharc seo agus na páirtithe sa chinneadh a rinne an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.
2. Shocraigh an Coimisinéir go raibh forchonradh ann arna fhorlíonadh ag iomad conarthaí aonair i ndáil le gach sannadh oibre agus gurbh ann don chomhoibleagáid fad a mhair na conarthaí aonair seo.
3. Maidir leis na conartha aonair, rinne an Coimisinéir anailís bunaithe ar chomhchodanna na hionadaíochta agus na seirbhíse pearsanta, smacht, imeascadh, an triail fontair, deis brabús a dhéanamh, cumhacht mhargála agus catagóiriú stádas fostaíochta ag na páirtithe. Shocraigh an Coimisinéir gur geall le conarthaí seirbhíse a bhí sna conarthaí aonair idir an Achomharcóir agus a thiománaithe, i ndáil le hobair a mhair seal amháin nó níos mó. Mar sin, chinn an Coimisinéir go raibh cáin le gearradh ar na tiománaithe ag eascairt as a gconarthaí seirbhíse de réir alt 112 TCA 1997.

### Deiseanna ar Réiteach

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil gach cáinócóir i dteideal athbheithniú inmheanach/ seachtrach a lorg le hloncam, roimh thabhairt faoi achomharc leis an TAC. Cealaíonn an deis seo an gá le hachomharc leis an TAC sa chás go bhfuil an cáinócóir sásta lena thoradh sin. Sa chás nach bhfuil toradh athbheithniú loncaim le sásamh an cháinócóra, is féidir leis an gcáinócóir tabhairt faoi achomharc leis an TAC ina ainneoin sin. Ní mór do cháinócóirí bheith feasach gur gá achomharc a iarraidh ar shocrú de chuid loncaim tráth nach déanaí ná 30 lá i ndiaidh a dhéanta, le bheith in am achomharc a dhéanamh leis an TAC.

A luaithe a bheidh achomharc os comhair an TAC, bíonn an sprioc aige teagmháil a éascú idir na hachomharcóirí agus loncam, leis an gcuspóir teacht ar réiteach roimh éisteacht más féidir.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi shocruithe foilsithe ach dul ar ár suíomh gréasáin [www.taxappeals.ie](http://www.taxappeals.ie)

---

# Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus ar Oibríochtaí an TAC

Ar an 6 Meitheamh 2018, thionscain an tAire Airgeadais, an t-Uas. Paschal Donohoe TD, athbhreithniú neamhspleách ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an TAC i gcomhthéacs iarratas a rinne an TAC ar a Roinn ag iarraidh breis foirne agus acmhainní. Cheap an tAire Niamh O'Donoghue, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Leasa Shóisialaigh, leis an athbhreithniú a dhéanamh.

San athbhreithniú a rinne sí, chuaigh Ms O'Donoghue i gcomhairle leis na Coimisinéirí TAC agus an fhoireann, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Airgeadais, an Dlí-Chumann, ionadaithe ó Bharra na hÉireann, comhlachtaí gairmiúla cuntasáiochta agus lucht cleachtas ón éarnáil phríobháideach.

Sa tuarascáil a rinne sí ('Tuarascáil O'Donoghue'), a foilsíodh ar an 9 Deireadh Fómhair 2018, rinneadh roinnt moltaí i dtaca le foireann, le hacmhainní agus le rialachas corparáideach an TAC. Tá achoimre thíos orthu seo.

Lá na cáinainnéise, dúirt an tAire Airgeadais: *'Inniú foilsím athbhreithniú neamhspleách ar oibríochtaí agus ar acmhainní an Choimisiúin um Achomhairc Chánach, a thionscain mé níos luaithe i mbliana. Tacaím go hiomlán le moltaí an athbhreithnithe, ar a n-áirítear ceadú breis foirne ag gach leibhéal agus maoiniú breise do chórais fheabhsaithe TF, le go mbeidh an Coimisiún in ann a ualach cásanna agus a dhualgas a chur de go sásúil.'*

Chuir an TAC fáilte roimh thacaíocht an Aire maidir le Tuarascáil O'Donoghue agus tá sé ag obair leis an Roinn Airgeadais agus le comhlachtaí eile chun na moltaí a rinneadh inti a chur i bhfeidhm.

## Moltaí agus Gníomhartha

### Buiséad

Fuair an TAC méadú buiséid 97% ar an nglanmheastachán do 2017, rud a chuirfidh ar a chumas moltaí thuarascáil O'Donoghue a chur i bhfeidhm. Is é €3.2m an dáileadh buiséid don TAC do 2019. Rinneadh meastachán 2019 le nuashonrú agus athleasú leanúnach an Chomisiúin a éascú agus tabhairt faoina ualach cásanna agus teacht lena oibleagáidí mar chomhlacht de chuid na státseirbhíse.

### Acmhainní Foirne agus Coimisinéara

Mhol tuarascáil O'Donoghue go dtabharfaí acmhainní breise le haghaidh na gceapachán a leanas: Coimisinéir Achomhairc breise buan, beirt Choimisinéirí Achomhairc sealadacha agus foireann bhreise ag gach leibhéal reatha. Lena chois sin, tá post buan anois ag an gCoimisiún ag leibhéal Príomh-Oifigigh.



---

Mhol tuarascáil O'Donoghue lena chois sin go n-earcófaí beirt Bhainisteoirí Cáis le cois an triúir a earcaíodh le linn 2018, le cabhrú leis na tascanna taighde, ullmhúcháin agus próiseála a bhaineann le hachomhairc. Ba chóir go n-éascódh Bainisteoirí Cáis breise obair a dhianscaoileadh agus tarmligean údaráis, go háirithe sna chéad chodanna den phróiseáil achomharc Bainisteoirí agus maidir le taighde agus cúnamh le socrúithe.

De bhun an cheada seo a fuarthas seo maidir le buiséad agus acmhainní breise, is rún don TAC na leibhéal reatha foirne a mhéadú in TAC ó 17 go 32. Tosaíodh ar an bpróiseas earcaíochta dó seo in 2018 agus leanfar de i rith 2018.

Le linn 2018, chuaigh an TAC i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais maidir le poist bhreise Coimisinéara, agus tionscnófar na próisis earcaíochta a bhaineann le Coimisinéirí sealadacha agus Coimisinéir breise buan le linn 2019. Déanfar breithniú faoi phoist Coimisinéirí um Achomhairc idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha.

Tugann an Coimisiún faoi deara gur mhol an Tuarascáil go ndéanfaí athscrúdú ar mhaoiniú iomlán an Choimisiúin i gceann trí bliana ag díriú ar an dul chun cinn a bheidh déanta agus riachtanais leanúnacha an Choimisiúin.

Moladh go gceapfadh an tAire Coimisinéir le bheith ina Chathaoirleach, ina Oifigeach Cuntasaíochta agus Ceann Oifige agus go mbeadh an Coimisinéir seo freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar dháileadh cásanna, dearbhú cáilíochta, leanúnachas agus oibríochtaí an Choimisiúin a bhainistiú. Éileoidh sé seo reachtaíocht leis an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 a leasú sa chaoi go mbeifear in ann Cathaoirleach a cheapadh do TAC agus chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais maidir le reachtaíocht dhréachtach sa chuid dheireanach de 2018. Tá ráite ag an Roinn Airgeadais leis an gCoimisiún go dtosófar ar an bpróiseas earcaíochta do Chathaoirleach a luaithe a bheidh feidhm leis an reachtaíocht chuí..

### **Tacaíocht Chorparáideach agus Oibríochtaí**

Mhol an Tuarascáil gur chóir don Roinn, ar bhonn gearrthéarmach, bheith freagrach as tacaíochtaí corparáideacha a chur ar fáil do TAC, ar a n-áirítear iniúchadh inmheánach, seirbhísí sláinte agus sábháilteachta agus bainistíocht riosca. Ba chóir go n-iarrfaí ar Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse a bhreithniú conas a d'fhéadfaí réiteach bunaithe ar sheirbhís roinnte a chur chun tosaigh do TAC agus do ghníomhaireachtaí beaga amach anseo.

Mhol an Tuarascáil fosta go rachadh na Coimisinéirí loncainm agus TAC i bpáirt arís maidir le háiseanna deartha, tacaíochta agus óstála córas TF. Molann an Tuarascáil go ndéanfaí tosaíocht de seo sa dá eagraíocht i gcomhthéacs córas achomharc a chinntiú a fheidhmíonn as féin mar is chóir.

---

Lena chois sin, mhol an Tuarascáil go gcabhródh an Roinn Airgeadais le TAC tacaíocht a fháil ó OGCIÓ maidir le cúnamh le forbairt TF, nascacht le gréasáin Rialtais, córais oifige agus cúrsaí teicniúla éagsúla eile.

Chuir TAC fáilte roimh na moltaí seo agus thosaigh ag obair in 2018 leis an Roinn Airgeadais d'fhonn iad a chur i bhfeidhm.

### **Bainistíocht Cásanna**

Moladh gur chóir do na Coimisinéirí dícheall a bhaint as na toscaireachtaí atá ar fáil laistigh den Acht leis an chuid is fearr a dhéanamh de rannchuid Bainisteoirí Cásanna maidir le hachomhairc a chur chun cinn, agus gur chóir na toscaireachtaí seo a úsáid ar bhealach leanúnach ag gach Coimisinéir. Tugadh de chomhairle gur chóir do na Coimisinéirí díriú ar achomhairc níos casta agus go mbeadh fócas na mBainisteoirí Cásanna ar shocruithe a dhréachtú ar na hachomhairc nach bhfuil chomh casta faoi threoir na gCoimisinéirí. Tá an tAonad Sceidealaithe sa TAC ag obair leis na Coimisinéirí le sceidil a leithdháileadh dá réir sin.

Thug an Tuarascáil treoir gur chóir tús áite a thabhairt do shocruithe atá gan déanamh, agus go socrófaí amscála le haghaidh an riaráiste a ghlanadh. Maidir leis seo, thosaigh TAC ar an bpróiseas litreacha a chur amach chuig páirtithe i dtaca le socruithe atá gan déanamh agus meastacháin a thabhairt faoi shocruithe gan déanamh a bheith déanta. Tá an próiseas seo ar leanúint agus táthar ag meas go mbeidh sé curtha i gcrích roimh dheireadh Meithimh 2019.

Mhol an Tuarascáil chomh maith go ndéanfaidh TAC socruithe teagmhála leis na Coimisinéirí loncaim a chur ar bhonn foirmiúil le tuilleadh éifeachtúlachta a éascú maidir leis an bpróiseas achomhairc. Ina fhianaise seo, tá Grúpa Oibre Riaracháin bunaithe idir na Coimisinéirí loncaim, an Roinn Airgeadais agus TAC agus tháinig siad le chéile den chéad uair i nDeireadh Fómhair 2018. Déanfaidh an grúpa seo fiosrú faoi mhalartú leictreonach na faisnéise is riachtanach ag an TAC agus na Coimisinéirí loncaim araon.

Mhol an Tuarascáil chomh maith na Coimisinéirí loncaim breithniú a dhéanamh conas a d'fhéadfaí neart a chur lena bpróisis athbhreithnithe inmheánacha/seachtracha. Tacaíonn TAC leis an moladh seo.

Anuas air seo, mhol an Tuarascáil roinnt athruithe reachtúla a d'fhéadfaidh cabhrú le hobair an Choimisiúin, ar a n-áirítear breithniú conas a d'fhéadfaí glacadh le próiseas ADR ag céimeanna difriúla sa phróiseas. Tá achoimre ar athruithe reachtúla molta san Acht Airgeadais 2018 leagtha amach ar leathanach 9 agus súil go mbeidh tuilleadh athraithe reachtúil ann le foilsiú an Bhille Airgeadais (Achomhairc Chánach) (Leasú) 2019.

# Staidreamh

|  |    |
|--|----|
| Líon achomharc sa bhliain faighte ag TAC     | 34 |
| Achomhairc faighte i 2018                    | 36 |
| Achomhairc a Dúnadh i 2018                   | 37 |
| Achomhairc – Príomhchineálacha cánach        | 38 |
| Cáin Ilchineálach                            | 40 |
| Achomhairc a liostaithe le héisteacht i 2018 | 41 |
| Socruithe                                    | 43 |
| Comhdhálacha Bainistithe Cásanna i 2018      | 46 |
| Dul chun cinn ar gach Achomharc i 2018       | 49 |

*Nóta 1: I gcuid de na tábla sna leathanaigh a leanann léirítear an ‘candam faoi dhiospóid’ in achomhairc atá faighte ag an gCoimisiún um Achomhairc. Ba chóir breathnú ar an bhfigiúr seo mar mheastachán ar an mbunús seo a leanas:*

- *is féidir go ndéanfaí coigeartú ar an mbunchandam cánach atá faoi dhiospóid tar éis fógra an achomhairc dul isteach (i.e. sa chás go nglantar nó go n-aistarraingítear gné den achomharc).*
- *D’fhéadfaí nach mbeadh na páirtithe ar aon intinn faoin gcandam cruinn cánach atá faoi dhiospóid*
- *ní bhíonn luach airgid achomharc inríofa i gcónaí (e.g. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhiospóid nó in achomhairc i ndáil le diúltú Deimhniú Imréitigh Cánach).*

*Nóta 2: Is tábhachtach a lua go mbíonn síorathrú faoi staidreamh a bhaineann le hachomhairc agus go ndéantar nuashonrú orthu ar bhonn laethúil de réir comhfhreagrais agus teachtaireachtaí a fhaightear. Faoi dheireadh R1 2019, léiríonn an tuarascáil seo pictiúr cruinn de chúrsaí na bliana féilire 2018.*

## Líon Achomharc sa Bhliain a fhaigheann TAC

Bunaíodh TAC ar an 21 Márta 2016. Tá córas catagóirithe achomharc ann mar mhacalla ar na hachomhairc a bhí idir lámha roimh bhunú an TAC ('achomhairc roimh bhunú'), achomhairc a fuarthas tar éis bhunú TAC ('achomhairc reatha'), agus achomhairc an ama atá caite a aistríodh ó na Coimisinéirí Ioncaim ('achomhairc iarmharacha') agus cuirtear síos dá réir sin ar na hachomhairc.

Tugann an tábla thíos léargas ar an líon achomharc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an TAC i 2016:

| Bliain                         | Iomlán  | Iarmharach | Roimh bhunú | Reatha |       |       |
|--------------------------------|---------|------------|-------------|--------|-------|-------|
|                                |         |            |             |        | 2017  | 2018  |
| <b>2016</b>                    |         |            |             |        |       |       |
| Achomhairc a fuarthas in 2016* | 2,346   | 1,163      | 282         | 901    |       |       |
| Dúnta in 2016                  | (200)   |            | (4)         | (196)  |       |       |
| Iarmhéid (31/12/16)            | 2,146   | 1,163      | 278         | 705    |       |       |
| <b>2017</b>                    |         |            |             |        |       |       |
| Achomhairc a fuarthas i 2017   | 1,751   |            |             |        | 1,751 |       |
| Dúnta in 2017                  | (693)   | (182)      | (30)        | (222)  | (259) |       |
| Iarmhéid (31/12/17)            | 3,204   | 981        | 248         | 483    | 1,492 |       |
| <b>2018</b>                    |         |            |             |        |       |       |
| Achomhairc a fuarthas in 2018  | 1,689   |            |             |        |       | 1,689 |
| Dúnta in 2018                  | (1,440) | (253)      | (85)        | (204)  | (407) | (491) |
| Iarmhéid (31/12/18)            | 3,453   | 728        | 163         | 279    | 1,085 | 1,198 |
| <b>Achoimre</b>                |         |            |             |        |       |       |
| Achomhairc faighte             | 5,786   | 1,163      | 282         | 901    | 1,751 | 1,689 |
| Achomhairc dúnta               | (2,333) | (435)      | (119)       | (622)  | (666) | (491) |
| Iarmhéid (31/12/18)            | 3,453   | 728        | 163         | 279    | 1,085 | 1,198 |

\*Mar gheall ar athbhreithniú ar na comhaid iarmharacha ag an TAC i 2017, laghdaigh an TAC an líon achomharc iarmharach ó 2,758 go 1,163 trí mheasúnuithe ó bhlianta cánach a chur ina ngrúpa maidir leis na hachomharcóirí céanna agus trí ghrúpaí a dhéanamh de shaincheistanna bainteacha.

---

Ina lán cásanna, déanfaidh achomharcóir achomharc faoin gceist chéanna thar thréimhse blianta cánach agus sna cásanna sin, is mar aon achomharc amháin a chaitear leis na hachomhairc seo. In achomhairc ina ndearna cáiníocóir achomharc leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh bhunú an TAC ('achomharc iarmharach') agus achomharc arís i mbliain mheasúnaithe tar éis bunaithe, is féidir go ndéanfaí aon ghrúpa amháin de na hachomhairc seo. Chun críche an riaracháin, déantar achomhairc a chur i ngrúpaí más iomchuí sin, ach mar sin féin ní fhóireann gach achomharc bainteach don ghrúpáil seo.

Nithe le tabhairt faoi deara maidir le gach achomharc:

- Gníomhaire ar son achomharcóra a láimhseáil chóir a bheith 50% d'achomhairc (idir oscailte agus dhúnta) i 2018.
- In ar a laghad an ceathrú chuid d'achomhairc, tá ilbhlianta measúnaithe cánach nó iltréimhsí measúnaithe faoi dhiospóid.
- De na hachomhairc atá idir lámha, aithnítear 300 mar chuid de ghrúpa achomharc ina bhfuil saincheist(eanna) á n-achomharc.

## Achomhairc a Fuarthas i 2018

Fuair TAC 1,689 achomharc in 2018, a bhí ag teacht leis an líon a fuarthas in 2017. Tá athbhreithniú déanta ar gach achomharc agus tá siad á bpróiseáil de réir na gcéimeanna. Tá léargas thíos ar achomhairc faighte agus mar seo a leanas atá briseadh síos ar an gcandam cánach atá faoi dhiospóid in 2018:

| 2018 Mí       | Líon Achomharc a fuarthas | Candam* €000     |
|---------------|---------------------------|------------------|
| Ean           | 264                       | 52,575           |
| Fea           | 134                       | 8,693            |
| Már           | 159                       | 43,773           |
| Aib           | 104                       | 4,180            |
| Bea           | 195                       | 18,961           |
| Mei           | 72                        | 5,180            |
| Iúil          | 114                       | 12,262           |
| Lún           | 127                       | 15,883           |
| MF            | 108                       | 89,884           |
| DF            | 108                       | 55,623           |
| Sam           | 115                       | 14,425           |
| Noll**        | 189                       | 2,210,724        |
| <b>IOMLÁN</b> | <b>1,689</b>              | <b>2,532,163</b> |

| Cineál cánach sna hachomhairc*** | Líon tagairtí sna hachomhairc | % den Iomlán | Candam* €000     |
|----------------------------------|-------------------------------|--------------|------------------|
| IT                               | 1,035                         | 56           | 91,973           |
| VAT                              | 221                           | 12           | 71,110           |
| VRT                              | 207                           | 11           | 1,817            |
| CT                               | 131                           | 7            | 2,333,753        |
| Eile****                         | 111                           | 6            | 6,941            |
| CGT                              | 100                           | 6            | 17,112           |
| CAT                              | 40                            | 2            | 9,457            |
| <b>IOMLÁN</b>                    | <b>1,845</b>                  | <b>100</b>   | <b>2,532,163</b> |

\* Féach nóta 1 ar lch 33 a leagann amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhiospóid'.

\*\* Cúig achomharc faighte sa tseachtain deiridh de Nollaig 2018 agus luach timpeall €2.1 billiún acu. Dá mbainfí na hachomhairc den tsuim iomlán don bhliain, is é €432 milliún an candam le haghaidh achomharc i 2018.

\*\*\* Chun críche na hanailíse faoi chineál cánach más mó ná cineál amháin cánach atá in achomharc rinneadh sin a ríomh faoi gach cineál cánach, rud a thug figiúr 1,845 ach le 1,689 achomharc a bhaineann sé sin.

\*\*\*\* Cuimsíonn 'Eile' C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus dleacht stampaí.

# Achomhairc a Dúnadh i 2018

Dhún TAC 1,440 achomharc in 2018, trí shocrú, trí ghlanadh, aistarraingt, diúltú, nó achomhairc a chur le chéile nó a dhíbheadh. D'ainneoin easnamh baill foirne, dúnadh a dhá oiread achomharc in 2018 ná mar a dúnadh in 2017. Tá léargas thíos ar na hachomhairc a dúnadh in 2018:

| 2018 Mí       | Líon Achomharc a fuarthas | Candam* €000   |
|---------------|---------------------------|----------------|
| Ean           | 64                        | 13,041         |
| Fea           | 319                       | 17,590         |
| Már           | 148                       | 18,110         |
| Aib           | 141                       | 6,689          |
| Bea           | 122                       | 11,735         |
| Mei           | 76                        | 136,339        |
| Iúil          | 116                       | 9,666          |
| Lún           | 56                        | 211,572        |
| MF            | 89                        | 23,002         |
| DF            | 156                       | 108,110        |
| Sam           | 72                        | 4,646          |
| Noll**        | 81                        | 6,803          |
| <b>IOMLÁN</b> | <b>1,440</b>              | <b>567,303</b> |

| Cineál cánach sna hachomhairc Dúnta*** | Líon tagairtí sna hachomhairc | % den Iomlán | Candam* €000   |
|--|-------------------------------|--------------|----------------|
| IT                                     | 978                           | 60           | 263,899        |
| VRT                                    | 170                           | 10           | 371            |
| VAT                                    | 138                           | 8            | 19,050         |
| Eile***                                | 127                           | 8            | 9,035          |
| CT                                     | 96                            | 6            | 188,551        |
| CGT                                    | 94                            | 6            | 22,303         |
| CAT                                    | 34                            | 2            | 64,094         |
| <b>IOMLÁN</b>                          | <b>1,637</b>                  | <b>100</b>   | <b>567,303</b> |

| Catagóir / Bliain a fuarthas | Líon Achomharc a Dúnadh | Candam* €000   |
|------------------------------|-------------------------|----------------|
| Iarmharach                   | 253                     | 304,742        |
| Roimh bhunú                  | 85                      | 12,990         |
| 2016                         | 204                     | 151,149        |
| 2017                         | 407                     | 76,758         |
| 2018                         | 491                     | 21,664         |
| <b>IOMLÁN</b>                | <b>1,440</b>            | <b>567,303</b> |

| Fáth le dúnadh an achomhairc    | Líon achomharc a dúnadh | Candam* €000   |
|---------------------------------|-------------------------|----------------|
| Rinneadh socrú                  | 44                      | 3,521          |
| Díbheadh                        | 162                     | 24,419         |
| Tugadh le chéile                | 19                      | 6,778          |
| Diúltaíodh                      | 324                     | 12,608         |
| Glanadh                         | 668                     | 455,359        |
| D'aistarraing an t-achomharcóir | 223                     | 64,618         |
| <b>IOMLÁN</b>                   | <b>1,440</b>            | <b>567,303</b> |

\* Féach Nóta 1 ar Ich 33 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhiospóid' a ríomh.

\*\* Chun críche na hanailíse ar chineál cánach, rinneadh achomharc ina bhfuil níos mó ná cineál amháin cánach a chomhaireamh faoi gach cineál cánach, rud a thugann figiúr 1,637 ach le 1,440 achomharc a bhaineann siad.

\*\*\* Cuimsíonn 'Eile' C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampa.

## Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach

Tá cuid mhór achomharc ann ina bhfuil níos mó ná aon chineál amháin cánach i gceist, nó níos mó ná cineál amháin creidmheasa, asbhainte, faoisimh nó díolúine. Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na príomhchineálacha cánach a tháinig faoi dhiospóid thar na hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh in 2018:

| Príomhchineál Cánach nó Saincheist Achomharc a Osclaíodh/Dúnadh in 2018 |                           |                  |                         |                  |
|---|---------------------------|------------------|-------------------------|------------------|
| Cineál Cánach*  | Líon Achomharc a fuarthas | Candam**<br>€000 | Líon Achomharc a dúnadh | Candam**<br>€000 |
| IT  | 1,035                     | 91,973           | 978                     | 263,899          |
| €000  | 221                       | 71,110           | 138                     | 19,050           |
| VRT   | 207                       | 1,817            | 170                     | 371              |
| CT***   | 131                       | 2,333,753        | 96                      | 188,551          |
| Eile****  | 111                       | 6,941            | 127                     | 9,035            |
| CGT   | 100                       | 17,112           | 94                      | 22,303           |
| CAT   | 40                        | 9,457            | 34                      | 64,094           |
| <b>IOMLÁN</b>   | <b>1,845</b>              | <b>2,532,163</b> | <b>1,637</b>            | <b>567,303</b>   |

\* Chun críche na hanáilise ar chineál cánach, rinneadh achomharc faoi níos mó ná cineál amháin cánach a chomhaireamh faoi gach cineál cánach, rud a thugann suimeanna barúlacha sa chás go bhfuarthas 1,689 achomharc i 2018 agus gur dúnadh 1,440 achomharc i 2018.

\*\* Féach Nóta 1 ar lch. 33 a leagann amach conas a dhéantar ríomh ar an bhfigiúr 'candam faoi dhiospóid'.

\*\*\* Cúig achomharc faighte sa tseachtain deiridh de Nollaig 2018 agus luach timpeall €2.1 billiún acu. Dá mbainfí na hachomhairc den tsuim iomlán don bhliain, is é €432 milliún an candam le haghaidh achomharc in 2018.

\*\*\*\* Cuimsíonn 'Eile' RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht stampa agus DWT

Le linn 2018, ba í an cháin ioncaim arís an cineál cánach is mó a spreag achomhairc – léi a bhain 56% de na hachomhairc a fuarthas. Is CBL, VRT, CT agus CGT ba chúis le 36% eile de na hachomhairc idir lámha.

In 2018, fuair TAC 275 achomharc a thagair do ÍMAT, PRSI nó USC. Idir na cineálacha seo cánach bhí 15% de gach cineál cánach i ndáil le hachomhairc a fuarthas i 2018. Cé go mbaineann cuid de na hachomhairc seo le ceisteanna inachomhairc, bhain cuid eile le dliteanas cánach seachas le hachomharc ar mheasúnuithe cánach nó socruithe. Is fearr a phléifí le ceisteanna den sórt trí chainéil seirbhíse custaiméara na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá anailís ar chineál cánach do 2018 mórán mar an gcéanna leis an anailís ar chineál cánach i ndáil le 2017.



Leagann an tábla a leanas amach na 4 chineál cánach is mó dar tagraíodh in achomhairc in 2016, 2017 agus 2018. Bhí méadú ar an líon achomharc tar éis 2016, rud ba chúis le méadú ar an líon achomharc faoi gach ceann de na 4 phríomhchineál cánach agus faoi na cineálacha cánach eile.

| 4 chineál cánach ar mó a tagraíodh dóibh in achomhairc ó 2016 anall |       |     |     |     |
|---|-------|-----|-----|-----|
| Líon achomharc a fuarthas (sa bhliain)                              | IT    | VAT | VRT | CT  |
| 2016  | 462   | 112 | 104 | 54  |
| 2017  | 1,130 | 170 | 132 | 125 |
| 2018  | 1,035 | 221 | 207 | 131 |

Leagann an tábla amach na figiúirí candaim de réir cineál chánach i ndáil le hachomhairc a fuarthas agus a dúnadh in 2016, 2017 and 2018:

| Príomhchineál cánach Achomharc a Osclaíodh / Dúnadh ó bhí 2016 ann |                          |                        |                          |                        |                          |                        |                  |
|--|--------------------------|------------------------|--------------------------|------------------------|--------------------------|------------------------|------------------|
| Cáin   | 2016                     |                        | 2017                     |                        | 2018                     |                        | Iarmhéid €000*   |
|  | Achomhairc faighte €000* | Achomhairc dúnta €000* | Achomhairc faighte €000* | Achomhairc dúnta €000* | Achomhairc faighte €000* | Achomhairc dúnta €000* |                  |
| IT   | 473,613                  | 8,291                  | 102,645                  | 35,600                 | 91,973                   | 263,899                | 360,441          |
| CT**   | 410,960                  | 133                    | 605,795                  | 147,604                | 2,333,753                | 188,551                | 3,014,220        |
| CGT  | 219,054                  | 950                    | 22,427                   | 44,614                 | 17,112                   | 22,303                 | 190,726          |
| VAT  | 92,522                   | 268                    | 118,388                  | 10,066                 | 71,110                   | 19,050                 | 252,636          |
| CAT  | 67,674                   | 282                    | 6,917                    | 1,337                  | 9,457                    | 64,094                 | 18,335           |
| VRT  | 167                      | 62                     | 650                      | 131                    | 1,817                    | 371                    | 2,070            |
| Eile***  | 90,140                   | 2,383                  | 12,501                   | 1,535                  | 6,941                    | 9,035                  | 96,629           |
| <b>IOMLÁN</b>  | <b>1,354,130</b>         | <b>12,369</b>          | <b>869,323</b>           | <b>240,887</b>         | <b>2,532,163</b>         | <b>567,303</b>         | <b>3,935,057</b> |

\* Féach Nóta 1 ar lch. 33 a leagann amach conas a dhéantar ríomh ar an bhfigiúr 'candam faoi dhiospóid'.

\*\* Cúig achomharc faighte sa tseachtain deiridh de Nollaig 2018 agus luach timpeall €2.1 billiún acu. Le cáin chorparáide a bhain na hachomhairc seo.

\*\*\* Cuimsíonn 'Eile' RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampa agus DWT

## Ilchineálacha Cánach

Tugann an tábla thíos le fios an líon iomlán achomharc a phróiseáil an TAC thar thrí chatagóir achomhairc (achomhairc 2016, 2017 agus 2018) inar mó ná aon chineál amháin cánach a bhí á achomharc.

| Líon Achomharc le hilchineálacha Cánach i 2016, 2017 and 2018 |            |                           |            |                           |           |                           |
|---|------------|---------------------------|------------|---------------------------|-----------|---------------------------|
| Líon cineál cánach  | 2018       | % den líon iomlán faighte | 2017       | % den líon iomlán faighte | 2016      | % den líon iomlán faighte |
| 2   | 79         | 4.7                       | 150        | 8.6                       | 58        | 6.4                       |
| 3   | 24         | 1.4                       | 35         | 2                         | 13        | 1.4                       |
| 4   | 9          | .5                        | 14         | .8                        | 2         | -                         |
| 5   |            |                           | 5          | .3                        | 1         | -                         |
| <b>IOMLÁN</b>   | <b>112</b> | <b>6.6</b>                | <b>204</b> | <b>11.7</b>               | <b>74</b> | <b>7.8</b>                |

In 2017, bhain 11.7% de gach achomharc le hilchineálacha cánach. Tháinig laghdú go 6.6% in 2018 ar an gcéatadán achomharc a bhain le hilchineálacha cánach. Leagann an tábla a leanann amach na príomh-ilchineálacha cánach dar tagraíodh in achomhairc in 2018.

| Achoimre ar phríomh-ilchineálacha cánach dar tagraíodh in achomhairc faighte i 2018 |                                |                                |                                |
|---|--------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|
| Cineálacha cánach   | Achomhairc le 2 chineál canach | Achomhairc le 3 chineál canach | Achomhairc le 4 chineál canach |
| IT (PAYE/PRSI/USC)  | 46                             | 21                             |                                |
| IT / VAT  | 13                             |                                |                                |
| IT / LPT  |                                |                                | 5                              |
| IT / CT/ VAT  |                                |                                | 2                              |
| Eile  | 20                             | 3                              | 2                              |
| <b>IOMLÁN</b>   | <b>79</b>                      | <b>24</b>                      | <b>9</b>                       |

# Achomhairc a liostaíodh le héisteacht i 2018

Le linn 2018, bhí i gceist 167 éisteacht a reáchtáil, a bhain do 248 achomharc, thar 202 lá. Ní raibh aon seomra éisteachta ar fáil ar an láthair do TAC go dtí gur aistrigh sé go háitreabh nua i Meitheamh 2018. Dá ainneoin seo, bhí dúbailt ar an líon éisteachtaí a rinneadh a sceidealú i 2018 i gcomparáid le 2017. Mhair na héisteachtaí idir leath lae agus cúig lá.

Tugann an méid seo a leanas eolas ar thorthaí na n-éisteachtaí:

| Toradh*  | Líon éisteachtaí a reáchtáladh |           | Líon achomharc dar bhain siad |            |
|--|--------------------------------|-----------|-------------------------------|------------|
|  | 2018                           | 2017      | 2018                          | 2017       |
| <b>Le héisteacht ach curtha ar athló nó aistarraingte roimh éisteacht:</b> |                                |           |                               |            |
| Glanta / Aistarraingte roimh éisteacht                                     | 17                             | 2         | 23                            | 2          |
| Curtha ar athló roimh éisteacht  | 90                             | 11        | 148                           | 11         |
| <i>Fo-iomlán</i>   | 107                            | 13        | 171                           | 13         |
| <b>A chuaigh ar aghaidh:</b>   |                                |           |                               |            |
| S949AA – aistarraingthe as neamhláithreach                                 | 5                              |           | 5                             |            |
| Glanta tar éis éisteachta  |                                | 4         |                               | 5          |
| Tosaíodh an éisteacht ach cuireadh ar athló í                              | 14                             | 5         | 24                            | 6          |
| Críochnaíodh éisteacht le haghaidh socrú a dhéanamh                        | 41                             | 43        | 48                            | 82         |
| <i>Fo-iomlán</i>   | 60                             | 52        | 77                            | 93         |
| <b>IOMLÁN</b>  | <b>167</b>                     | <b>65</b> | <b>248</b>                    | <b>106</b> |

\* Is féidir gur tháinig athrú ar stádas achomhairc a luaitear thuas e.g. is féidir i gcás achomharc atá ‘críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh’ go bhfuil siad sin socraithe faoi thráth foilsithe na tuarascála seo. Ar aon dul leis sin, tá achomhairc ann a cuireadh ar athló ach atá faoin am seo ‘críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh’.

Tá roinnt fáthanna a gcuirfí éisteacht ar athló, e.g. le cead a thabhairt fianaise bhreise a chur isteach nó le leanúint den éisteacht ar lá eile mura mbíonn sé críochnaithe ar an gcéad lá. Chomh maith leis sin, ag brath ar imthosca, is féidir go gcuirfí éisteachtaí ar athló chun fanacht le himeachtaí Cúirte atá le glacadh san áireamh ag Coimisinéir.

Cé go raibh 167 éisteacht le reáchtáil in 2018, cuireadh 90 éisteacht ar athló sula raibh éisteacht ann, ainneoin go raibh páirtithe ar an eolas faoin dáta roimh ré. Bhí sé seo ina chúis le méadú ar éisteachtaí a cuireadh ar athló i gcomparáid le 2017. I ngeall ar an méadú ar an gcur ar athló, rinne an TAC athbhreithniú ar a nósanna imeachta i dtaca le héisteachtaí a reáchtáil agus thóg na céimeanna a leanas;

- Eísíonn an TAC fógraí faoi éisteachtaí idir 3 agus 4 mhí roimhré, sa chaoi go mbeidh an t-am ann, má bhíonn cúrsaí le cur ar athló, achomharc eile a réachtáil ar lá an achomhairc a bhí le cur ar athló.
- Mhéadaigh an TAC an líon achomharc a sceidealaíodh le héisteacht le súil go gcuirfí cuid de na achomhairc ar athló.

Faoi dheireadh 2018, bhí 64 achomharc breise ar an sceideal do 2019. Baineann na hachomhairc seo le 256 achomharc aonair agus meastar go mbeidh 149 lá i gceist le hiad a éisteacht.

Tugann an tábla eolas maidir leis an gcandam cánach atá i gceist, i ndáil le hachomhairc a bhí le héisteacht in 2018;

| Toradh**  | Catagóir / Bliain a fuarthas iad |             |           |           |           | Iomlán 2018 | Candam* 2018 €000 |
|---|----------------------------------|-------------|-----------|-----------|-----------|-------------|-------------------|
|   | Iarmharach                       | Roimh bhunú | 2016      | 2017      | 2018      |             |                   |
| <b>Le héisteacht ach curtha ar athló roimh éisteacht:</b> |                                  |             |           |           |           |             |                   |
| Glanta /Aistarraingte roimh éisteacht                     | 9                                | 3           | 4         | 1         |           | 17          | 12,250            |
| Curtha ar athló roimh an éisteacht                        |                                  |             |           |           |           |             |                   |
| - Ag an Achomharcóir                                      | 19                               | 20          | 6         | 14        | 4         | 63          | 9,344             |
| - Ag loncam   | 11                               | 3           | 3         | 4         | 1         | 22          | 25,780            |
| - Ag TAC  | 1                                |             | 1         | 3         |           | 5           | 344               |
| <i>Fo-iomlán</i>  | 40                               | 26          | 14        | 22        | 5         | 107         | 47,718            |
| <b>Chuaigh ar aghaidh:**</b>                              |                                  |             |           |           |           |             |                   |
| Socraithe   | 8                                | 6           | 5         | 5         | 1         | 25          | 3,222             |
| S949AA – Astarraingthe i ngeall ar neamhláithreacht       |                                  |             | 2         | 3         |           | 5           | 133               |
| Tosaíodh éiseacht ach cuireadh ar athló                   | 6                                | 4           | 2         | 1         | 1         | 14          | 4,412             |
| Éisteacht críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh       | 1                                | 1           | 3         | 8         | 3         | 16          | 2,230             |
| <i>Fo-iomlán</i>  | 15                               | 11          | 12        | 17        | 5         | 60          | 9,997             |
| <b>Iomlán</b>   | <b>55</b>                        | <b>37</b>   | <b>26</b> | <b>39</b> | <b>10</b> | <b>167</b>  | <b>57,715</b>     |

\* Féach Nóta 1 ar leathanach 33 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr ‘candam faoi dhiospóid’ a ríomh.

\*\* Is féidir go mbeadh athrú tagtha ar stádas achomhairc luaite thuas e.g. is féidir i gcás achomharc atá luaite thuas mar ‘críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh’ go mbeadh an socrú déanta faoi thráth foilsithe na tuarascála seo.

# Socruithe

I gCuid 40A, Caibidil 5 de TCA 1997 tá foráil déanta i dtaobh fógra agus foilsíú ar shocruithe ag an TAC. Cuireann alt 949AO ceangal ar na Coimisinéirí Achomhairc tuarascáil a fhoilsíú faoi gach ceann dá socruithe ar shuíomh gréasáin an TAC tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis do na páirtithe a bheith ar an eolas faoi sin. Tá leagtha amach thíos na mionsonruithe ar gach socrú a rinneadh in 2018 agus an tréimhse ábhartha foilsithe.

| Líon socruithe a eisíodh i 2018                               |                            |           |                       |           |
|---|----------------------------|-----------|-----------------------|-----------|
|   | Líon achomharc a socraíodh |           | Líon iomlan achomharc |           |
|   | 2018                       | 2017      | 2018                  | 2017      |
| Socruithe a rinneadh gan gá le héisteacht (s. 949U)           | 17                         | 8         | 17                    | 8         |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2018 | 18                         |           | 18                    |           |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2017 | 3                          | 11        | 5                     | 13        |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2016 | 4                          | 15        | 4                     | 19        |
| <b>Iomlán</b>   | <b>42</b>                  | <b>34</b> | <b>44</b>             | <b>40</b> |

San iomlán foilsíodh 33 de na 42 socrú a eisíodh in 2018 ar shuíomh gréasáin an TAC in 2018. Foilsíodh na 9 socrú fanta ar an suíomh gréasáin go luath in 2019. Bhí dhá shocrú ann a foilsíodh a chuir deireadh le hachomharc breise dhá uair.

Níl macalla sa tábla thuas ar chastacht gach achomhairc ná an t-am a bhí ag teastáil chun iad a éisteacht agus a shocrú. Leis an éifeachtúlacht a mhéadú agus le dícheall úsáide a bhaint as acmhainní an TAC, déantar Comhdhálacha Bainistithe Cásanna a sceidealú nuair is dealraitheach go mbeadh siad mar chabhair le hachomharc a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, sa chás gur cuí, iarrtar ar pháirtithe a thoilíú go n-eiseofaí socruithe gan gá le héisteacht.

Tugann an tábla a leanas eolas faoin gcandam cánach faoi dhiospóid i ndáil le socruithe a eisíodh in 2018 agus an catagóir/bhliain a bhfuair TAC an t-achomharc:

|   | Catagóir / Bliain a fuarthas |             |          |           |          | Iomlán 2018 | Candam* 2018 €000 |
|---|------------------------------|-------------|----------|-----------|----------|-------------|-------------------|
|   | Iarmhar                      | Roimh bhunú | 2016     | 2017      | 2018     |             |                   |
| Socruithe a rinneadh gan gá le héisteacht (s. 949U)           |                              | 3           | 2        | 10        | 2        | 17          | 299               |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2018 | 7                            | 3           | 2        | 5         | 1        | 18          | 965               |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2017 | 2                            |             | 3        |           |          | 5           | 276               |
| Socruithe a eisíodh a bhain le hachomhairc a éisteadh in 2016 |                              | 3           | 1        |           |          | 4           | 1,981             |
| <b>Iomlán</b>   | <b>9</b>                     | <b>9</b>    | <b>8</b> | <b>15</b> | <b>3</b> | <b>44</b>   | <b>3,521</b>      |

\* Féach Nóta 1 ar Ich 33 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr ‘candam faoi dhiospóid’

| Achoimre ar Shocruithe a eisíodh in 2018 de réir cineál chánach |           |
|---|-----------|
| IT  | 26        |
| CAT   | 2         |
| CT  | 1         |
| VAT   | 5         |
| VRT   | 10        |
| <b>Iomlán</b>   | <b>44</b> |

Tugann an tábla a leanas léargas ar an líon iomlán achomharc a dúnadh in 2018:

| Fáth ar dúnadh achomharc      | Líon achomharc dúnta | Candam*<br>€000 |
|-------------------------------|----------------------|-----------------|
| Socruithe déanta              | 44                   | 3,521           |
| Díbheadh                      | 162                  | 24,419          |
| Tugadh le chéile              | 19                   | 6,778           |
| Diúltaithe                    | 324                  | 12,608          |
| Glanta                        | 668                  | 455,359         |
| Aistarraingte ag Achomharcóir | 223                  | 64,618          |
| <b>Iomlán</b>                 | <b>1,440</b>         | <b>567,303</b>  |

\* Féach Nóta 1 ar lch 33 a leagann amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhiospóid' a ríomh.

---

# Comhdhálacha Bainistithe Cásanna i 2018

Le linn 2018, sceidealáíodh 159 CBC, a bhain do 600 achomharc, agus chuaigh 110 díobh seo, a bhain do 386 achomharc aonair, ar aghaidh chuig CBC. Mhair na CBCanna idir níos lú ná uair an chloig agus dhá lá; níos lú ná lá a mhair a mbunús. Fuarthas gur mó an leas a bhí le CBCanna maidir le seanachomhairc a chur chun cinn nó sa chás go raibh constaic gan sárú in achomharc.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a phlé ag CBC:

- soiléiriú a dhéanamh ar na saincheistanna idir na páirtithe agus teacht ar réimsí inarbh fhéidir teacht ar chomhaontú;
- aon ábhar scríofa breise a aithint a bheadh le tabhairt isteach ag ceachtar páirtí roimh an éisteacht;
- an t-am a bheadh de dhíth ar an dá pháirtí ábhar breise scríofa a réiteach a bheidh riachtanach don éisteacht;
- cé acu a bheadh, nó nach mbeadh sé úsáideach roimh an éisteacht leagan comhaontaithe de na fíricí a bheith scríofa nó aon chur chuige comhaontaithe eile maidir le fianaise scríofa nó argóintí dlíthiúla a tharraingt le chéile a bheadh le cur faoi bhráid na héisteachta;
- a dhearbhu go bhfuil na treoracha ar fad a d'eisigh na Coimisinéirí Achomhairc san achomharc, go bhfuil siad comhlíonta;
- an gá, chomh maith le soláthar an ábhair scríofa, aon chéim eile a thógáil roimh an éisteacht;
- meastachán a dhéanamh ar an am is gá don éisteacht; agus
- teacht ar am agus dáta le haghaidh na héisteachta atá oiriúnach do gach páirtí.



Tugann an méid a leanas eolas faoi thorthaí na CBCanna a bhí le réachtáil i 2018:

| Toradh                                       | Líon CBC a tionóladh |            | Líon achomharc dar bhain |            |
|--|----------------------|------------|--------------------------|------------|
|  | 2018                 | 2017       | 2018                     | 2017       |
| <b>Sceidealaithe ach ar athló roimh CBC:</b> |                      |            |                          |            |
| Glanta / Aistarraingthe roimh CBC            | 13                   | 20         | 28                       | 22         |
| Ar athló roimh CBC                           | 36                   | 33         | 186                      | 74         |
| <i>Fo-iomlán</i>                             | 49                   | 53         | 214                      | 96         |
| <b>Chuaigh ar aghaidh:</b>                   |                      |            |                          |            |
| Glanta / Aistarraingte tar éis CBC           | 10                   | 4          | 28                       | 11         |
| Díbheadh                                     | 17                   | 34         | 18                       | 34         |
| Socrú le teacht (gan gá dul chun éisteachta) | 3                    | 3          | 4                        | 353        |
| CBC le sceidealú arís                        | 28                   | 21         | 114                      | 26         |
| Éisteacht le sceidealú                       | 39                   | 4          | 195                      | 4          |
| Ag dul ar aghaidh                            | 13                   | 23         | 27                       | 51         |
| <i>Fo-iomlán</i>                             | 110                  | 89         | 386                      | 479        |
| <b>Iomlán</b>                                | <b>159</b>           | <b>142</b> | <b>600</b>               | <b>575</b> |

Ainneoin gur 159 a bhí ar an sceideal in 2018, cuireadh 36 ar athló sular tionóladh CBC. I ngeall ar an méadú ar an gcur ar athló, rinne TAC athbhreithniú ar a nósanna imeachta ó thaobh CBCanna a sceidealú agus thóg na céimeanna a leanas;

- Eisíonn TAC fógraí faoi CBC anois idir 3 agus 4 mhí roimh ré sa chaoi gur féidir, más rud é go gcuirfear ar athló é, CBC nó éisteacht eile a sceidealú nó in ionad an CBC a chuirfí ar athló.
- Mhéadaigh TAC an líon CBCanna a sceidealáíodh ar an tuiscint go mbeadh roinnt curtha ar athló.

Tugann an tábla a leanas eolas faoi chatagóir/bliain a sceidealaiigh an TAC CBC i 2018:

| Toradh                                       | Catagóir / Bliain a fuarthas |             |          |          |          | Iomlán 2018 |
|--|------------------------------|-------------|----------|----------|----------|-------------|
|  | Iarmhar                      | Roimh bhunú | 2016     | 2017     | 2018     |             |
| <b>Sceidealaithe ach ar athló roimh CBC:</b> |                              |             |          |          |          |             |
| Glanta / Aistarraingte roimh CBC             | 12                           | 1           |          |          |          | 13          |
| Ar athló roimh an éisteacht                  | 34                           | 2           |          |          |          | 36          |
| <i>Fo-iomlán</i>                             | 46                           | 3           |          |          |          | 49          |
| <b>Chuaigh ar aghaidh:</b>                   |                              |             |          |          |          |             |
| Glanta / Aistarraingte tar éis CBC           | 10                           |             |          |          |          | 10          |
| Díbheadh                                     | 10                           | 3           | 3        | 1        |          | 17          |
| Socrú le teacht (gan gá dul chun éisteachta) | 3                            |             |          |          |          | 3           |
| CBC le sceidealú arís                        | 25                           |             |          | 3        |          | 28          |
| Éisteacht le sceidealú                       | 35                           | 2           | 1        |          | 1        | 39          |
| Ag dul ar aghaidh                            | 10                           | 1           | 2        |          |          | 13          |
| <i>Fo-iomlán</i>                             | 93                           | 6           | 6        | 4        | 1        | 110         |
| <b>Iomlán</b>                                | <b>139</b>                   | <b>9</b>    | <b>6</b> | <b>4</b> | <b>1</b> | <b>159</b>  |

# Dul chun cinn a rinneadh ar achomhairc in 2018

Chomh maith le 1,440 achomharc a dhúnadh in 2018, rinne TAC na nithe seo a leanas:

- D'eisigh 1,030 iarratas ar Ráiteas Cáis ó Achomharcóirí i ndáil le 911 achomharc agus 1,295 ó na Coimisinéirí Ioncaim, i ndáil le 1,154 achomharc aonair
- D'eisigh 472 iarratas ar Imlíne Argóna ón Achomharcóir i ndáil le 409 achomharc aonair agus 431 iarratas ó Ioncam, i ndáil le 394 achomharc aonair
- D'iarr eolas breise 294 babhta, i ndáil le 258 achomharc
- Chomhlíon 184 iarratas (a rinne Coimisinéirí Ioncaim nó Achomharcóirí) ar shíneadh ama le teacht le treoir ón TAC, i ndáil le 165 achomharc
- Chomhlíon iarratas ar bhac sa phróiseas 210 babhta, i ndáil le 196 achomharc
- Thionóil 110 Comhdháil Bainistithe Cáis, i ndáil le 386 achomharc
- Liostaigh 167 éisteacht i ndáil le 248 achomharc
- D'eisigh socruithe i ndáil le 42 achomharc. Seo

thíos mar atá cúrsaí ag deireadh na bliana:

| Catagóir      | Líon achomharc idir lámha |               | Dífear     |
|---------------|---------------------------|---------------|------------|
|               | Deireadh 2017             | Deireadh 2018 |            |
| Iarmharach    | 981                       | 728           | (253)      |
| Roimh bhunú   | 248                       | 163           | (85)       |
| 2016          | 483                       | 279           | (204)      |
| 2017          | 1,492                     | 1,085         | (407)      |
| 2018          |                           | 1,198         | 1,198      |
| <b>IOMLÁN</b> | <b>3,204</b>              | <b>3,453</b>  | <b>249</b> |

| Comhfhreagras TAC maidir le hachomhairc a chur chun cinn in 2018 |              |        |              |
|--|--------------|--------|--------------|
|  | Achomharcóir | Ioncam | Iomlán       |
| Líon síntí dar toilíodh  | 96           | 88     | <b>184</b>   |
| Líon iarratas ar eolas breise                                    | 261          | 33     | <b>294</b>   |
| Líon iarratas ar bhac  | 53           | 157    | <b>210</b>   |
| Líon ráiteas cáis a iarradh                                      | 1,030        | 1,295  | <b>2,325</b> |
| Líon Imlínte Argóna a iarradh                                    | 472          | 431    | <b>903</b>   |

---

# Rialachas agus Riarachán

Is comhaltaí den Choimisiún um Achomhairc Chánach iad na Coimisinéirí um Achomhairc. Tá leagan amach ar a bpríomhfheidhmeanna ag alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015. Anuas ar an obair maidir le próiseáil, moltóireacht agus socrú achomharc, tá na Coimisinéirí freagrach as reáchtáil chuí, éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin agus tá siad cuntasach don Oireachtas maidir le feidhmiú a ndualgas. Tá siad cuntasach don Aire Airgeadais chomh maith i leith Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin a thabhairt amach.

Faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, bíonn seal seacht mbliana ag na Coimisinéirí um Achomhairc agus tá siad cuntasach don Aire Airgeadais agus, tríd an Aire sin, don Oireachtas maidir lena bhfeidhmiú. Mar sin de, ní mór dóibh tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid an Aire ar an 31 Márta gach bliain, nó roimhe sin, ar ghnóthaí na bliana roimhe; is ag comhlíonadh an dualgais sin atáthar leis an tuarascáil seo. Tá na Coimisinéirí cuntasach chomh maith i ndáil le haon tuarascálacha eile a d'iarrfadh an tAire de bhun alt 21 d'Acht 2015.

Is foras de chuid na Státseirbhíse é an Coimisiún, faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus dá réir sin, ó thaobh a bhainistíochta agus a oibríochtaí de, tá sé faoi threoir ag Cód Caighdeán agus lompair na Státseirbhíse. Déanfar an Cód Rialachais, atá bunaithe ar an gcód caighdeán, a nuashonrú de réir mar a fheidhmeofar na moltaí i dtuarascáil O'Donoghue.

## Córas Bainistithe Cásanna

Faoi láthair tá an Coimisiún ag déanamh measúnaithe agus athbhreithnithe ar éifeacht agus ar fhorbairt amach anseo maidir lena chóras bainistithe cásanna. Tá an próiseas á chur i ngimh i gcomhthéacs an mholta atá i dTuarascáil O'Donoghue go mbeadh teagmháil as an úr idir an Coimisiún agus na Coimisinéirí loncaim maidir le soláthar a dhéanamh ar áiseanna deartha, tacaíochta agus óstála TF. Lena chois sin, mhol an Tuarascáil go mbunófaí grúpa idir-rannach le fiosrú a dhéanamh ar roghanna i dtaca le malartú leictreonach eolais idir an Coimisiún agus na Coimisinéirí loncaim chun cabhrú le héifeacht laistigh d'oibríochtaí an Choimisiúin, go háirithe i gcomhthéacs na cumarsáide idir-ghníomhaireachta le hIoncam.

Tá cáipéis scóipe ardleibhéil tugtha amach ag na Coimisinéirí loncaim maidir le córas bainistithe cásanna agus le comhéadain sheachtracha an Choimisiúin, agus tá seo á plé ag an nGrúpa Oibre um Riarachán a bunaíodh de réir mholtaí Thuarascáil O'Donoghue.

Idir an dá linn, tá an Coimisiún ag cur breis feidhme lena chóras bainistithe cásanna le cabhrú leis an éifeachtúlacht i réimsí éagsúla, mar atá:

- Acmhainní ar líne d'Achomharcóirí a chuirfear go díreach leis an gcóras bainistithe cásanna
- Rianú agus freagairt a dhéanamh ar chomhfhreagras

- 
- Áiseanna do sceidealú agus do tháirgeadh tuarascálacha

I rith 2019, déanfar feabhsuithe breise ar an gcóras bainistithe cásanna le go mbeidh córas dian éifeachtach ann le bainistiú a dhéanamh ar gach achomharc reatha, agus le bheith ar fhoinse eolais atá á aibhsiú sa tuarascáil seo, chomh maith le tuarascálacha eile a ghiniúint, mar shampla, don Roinn Airgeadais agus don Oireachtas.

Tá muintín ag an gCoimisiún, leis na hacmhainní breise atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais, go mbeifear in ann forbairt a dhéanamh ar ardán a bheidh lán-infheidhme ónar féidir eolas a bhaint a chuidíonn, ní hamháin le hachomhairc, ach leis an Rialtas maidir le forbairt, bunaithe ar fhianaise, a dhéanamh ar bheartas i ndáil le cúrsaí cánach.

### **Bainistiú Cásanna agus Sceidealú**

I rith 2018, rinne an Coimisiún clár earcaíochta le teacht ar thriúr Bainisteoirí Cásanna, chun críche foireann a fháil atá oilte sa cháin a chabhródh le taighde, le hullmhú agus le próiseáil na n-achomharc. Tar éis don Roinn Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an TAC i Lúnasa 2018, moladh go ndéanfaí beirt Bhainisteoirí Cáis a earcú, rud a d'éascódh obair a dhianscaoileadh agus breis úsáide a bhaint as údarás tarchurtha. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún an moladh seo a fheidhmiú le linn 2019.

Rinneadh earcaíocht bhreise le beirt a cheapadh a bhfuil an fheidhm acu éisteachtaí a sceidealú. Le linn 2018, sceidealáíodh 167 éisteacht a bhain do 248 achomharc, thar thréimhse 202 lá. Ní raibh aon seomra éisteachta ar fáil don Choimisiún ina áitreabh féin go dtí Iúil 2018 agus bhí iachall air mar sin spás seachtrach a thógáil ar cíos le CBCanna a reáchtáil agus achomhairc a éisteacht. Dá ainneoin sin, bhí dúbailt i gcomparáid le líon 2017 ar na héisteachtaí a sceidealáíodh.

Faoi dheireadh 2018, tá 64 achomharc breise sceidealaithe do 2019, a bhaineann le 256 achomharc aonair. Tá spás cruthaithe ag an aonad sceidealaithe sa sceideal tar éis gach éisteachta le go mbeidh deis ag na Coimisinéirí a socrúithe scríofa a réiteach. Coinníonn an t-aonad sceidealaithe liosta chomh maith de na hachomhairc atá réidh le héisteacht nach dteastaíonn ach fógra gairid lena dtionól, sa chás go gcuirfear ar athló nó go nglanfar achomhairc roimh éisteacht.

### **Cód Rialachais agus Ráiteas Straitéise**

I Lúnasa 2017, le cabhair ón Institiúid Riaracháin Phoiblí, thug an Coimisiún amach a Cód Rialachais agus d'fhoilsigh é. Cuireadh bailchríoch ar Ráiteas Straitéise 3 bliana agus foilsíodh sin níos déanaí sa bhliain.

---

Is léir, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na moltaí i dTuarascáil O'Donoghue go mbeidh athruithe ar ár gCód Rialachais agus ár Ráiteas Straitéise agus déanfar leasuithe ar leaganacha nuashonraithe de na doiciméid seo de réir mar a chuirfimid moltaí na Tuarascála i bhfeidhm.

## Bainistiú Riosca agus Iniúchadh Inmheánach

### Bainistiú Riosca

Le linn 2018, d'iarr an Coimisiún ar an Institiúid um Riarachán Poiblí comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le dea-chleachtas i dtaca le measúnú agus bainistiú riosca agus le traenáil a chur ar fáil sna cúrsaí sin don fhoireann.

Tá dréacht-pholasaí bainistithe riosca ullmhaithe ag an gCoimisiún ach níor éirigh leis go fóill sin a bhailchríochnú agus a chur i bhfeidhm. An chúis leis sin ná ganntanas foirne agus acmhainní sa Choimisiún le linn 2018. Anuas air sin, éilíonn an polasaí faomhadh agus maoirseacht ó Choiste Iniúchta agus Riosca. Ainneoin iarrachtaí leanúnacha, níor éirigh leis an gCoimisiún teacht ar dhaoine seachtracha a bheadh toilteanach a bheith mar chomhalta nó mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Go dtí go mbunófar an Coiste Iniúchta agus Riosca, shocraigh an Coiste soláthróirí seachtracha le hoiliúint a chur ar fhoireann an Choimisiúin maidir le ceisteanna rialachais agus bainistithe riosca.

Bhí bac ar dhul chun cinn ar an moladh seo toisc nach raibh Ceann Riaracháin ag an gCoimisiún don ráithe dheireanach de 2018. Cheal Cheann Riaracháin, thionóil na Coimisinéirí um Achomhairc cruinnithe Ard-Bhainistíochta le baill de na ceithre phríomhrannóg sa Choimisiún (Bainisteoirí Cásanna, Sceidealú, Acmhainní Daonna agus Riarachán) lena chinntiú go raibh cúrsaí oibríochta laistigh den Choimisiún ar obair go hiomchuí agus go raibh bainistiú oiriúnach ar siúl ar riosca.

Le go mbeifear in ann feidhm a thabhairt do mholtaí ó Thuarascáil O'Donoghue, tá an tAire Airgeadais tar éis faomhadh a dhéanamh ar dhúbailt i líon foirne an Choimisiúin agus ar bhuiséad bliana an Choimisiúin. Mhol Tuarascáil O'Donoghue lena chois sin go mbeadh tacaíochtaí corparáideacha á soláthar (Iniúchadh inmheánach, Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta agus Bainistiú Riosca) don Choimisiún mar chuid de dhualgas na Roinne Airgeadais sa ghearrthéarma, agus gur chóir a fhiafraí de Bhord Bainistithe na Státseirbhíse cad é mar is fearr réiteach seirbhíse comhroinnte a aimsiú don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí beaga de réir mar is gá, amach anseo.

---

Tá an Coimisiún, i gcomhthéacs an Ghrúpa Oibre um Riarachán ar a bhfuil an Roinn Airgeadais mar chathaoirleach, de bhun mholtaí Thuarascáil O'Donoghue, tar éis a iarraidh ar an Roinn cabhrú leis an gCoimisiún Coiste Iniúchta agus Riosca go práinneach, agus go háirithe d'iarr ar an Roinn cabhrú le comhaltaí oiriúnacha toilteanacha a aimsiú don Choiste Iniúchta agus Riosca.

### Iniúchadh Inmheánach

Go dtí go mbunófar an Coiste Iniúchta agus Riosca (pléite thuas), lean Grúpa Iniúchta an Choimisiúin (Ceann Riaracháin, Príomh-Oifigeach Cúnta, Iniúcháir Inmheánach agus Bainisteoir Tionscadail seachtrach) de bheith ag cruinniú go dtí Deireadh Fómhair 2018. Níor chruinnigh an Grúpa Iniúchta ó d'imigh iar-Cheann Riaracháin an Choimisiúin.

Tá plean Iniúchta Inmheánaigh réitithe ag an nGrúpa Iniúchta don tréimhse 2018-2020 leis na hIniúcháir Inmheánacha. Go dtí seo tá tuarascálacha éagsúla eisithe ag na hIniúcháir Inmheánacha, ar a n-áirítear tuarascálacha éagsúla dréachtacha i ndáil leis an bPlean Bainisthe Riosca agus an gCairt um Iniúchadh Inmheánach.

Tá athnuachan déanta ag TAC ar a chonradh leis na hIniúcháir Inmheánach go dtí Lúnasa 2019. Le linn na tréimhse sin, tá sé beartaithe ag na hIniúcháir Inmheánacha athbhreithnithe a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar bhainistiú comhad
- Athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Iniúchta

### Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste

Rinne an tARCC iniúchadh eatramhach ar láthair ar an TAC i Nollaig 2018. Bhain an t-iniúchadh eatramhach seo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2018. Clúdaíodh na réimsí a leanas:

- Rialachas, Iniúchadh Inmheánach san áireamh
- Acmhainní Daonna/Pá-rolla
- Caiteachas Ginearálta Neamhphá
- Córas Bainistithe Cásanna
- Clár Sócmhainní Seasta agus Soláthar
- Réiteach Cuntais/Taifead srl.

Tar éis 31 Márta 2019 a dhéanfar an t-iniúchadh iomlán i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2018.

---

Tá feidhm iniúchta inmheánaí ag an gCoimisiún chomh maith le neart a chur inár nósanna rialaithe agus ár dtimpeallacht rialaithe. Le linn 2018, lean na hiniúcháirí inmheánacha lena gclár iniúchta inmheánaí agus tá dréacht-tuarascálacha eisithe faoina gcuid torthaí go dtí seo.

### Feidhm Acmhainní Daonna

Tá an fhreagracht ar an Oifigeach Acmhainní Daonna ról Acmhainní Daonna a sholáthar sa Choimisiún. Déantar é seo le tacaíocht ón gComhaontú Seirbhíse (SLA) leis na Coimisinéirí loncaim. Fóralann an SLA go dtabharfaidh loncam tacaíocht riaracháin d'fheidhmiú ról Acmhainní Daonna sa Choimisiún.

In 2018, d'oibrigh an tOifigeach AD leis an bhfoireann ar a bpleananna foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm. Ó One Learning a fuair an Coimisiún an mhórchuid dá oiliúint fhoirmiúil. Áirítear leis seo TF, Bainistíocht, Promhadh, Bainistíocht Tionscnaimh agus Gaeilge. Chuir Bainisteoirí Cásanna sa Choimisiún modúil oiliúna ar fáil i réimsí áirithe den cháin. Thacaigh an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí loncaim leis an gCoimisiún maidir lena chuspóirí oiliúna a fhorbairt agus a chur chun cinn. Lena chois sin, chuir na Coimisinéirí loncaim oiliúint ionductaithe ar fáil agus d'éascaigh an Roinn Airgeadais foireann an Choimisiúin freastal ar a Dioplóma ar Bheartas Cánach agus Soláthair. Tá treoirleabhar ionductaithe réitithe chomh maith do gach duine nua isteach sa Choimisiún. Go luath i 2019, bhí oiliúint GDPR ann do gach ball foirne sa Choimisiún.

Tá an Coimisiún á chinntiú go gcomhlíontar PMDA agus úsáidtear an creat le soiléiriú a chur ar fáil faoi ról agus le cuspóirí a cheapadh atá mar mhacalla ar Ráiteas Straitéise an Choimisiúin. Tá plean fórsa saothair i bhfeidhm agus tá macalla ann seo ar mholtaí Thuarascáil O'Donoghue. Ní raibh an Coimisiún ábalta teacht ar Ardán Seirbhísí Comónta AD na Státseirbhíse in 2018 ach ó shin bunaíodh nasc cumarsáide idir an dá dhream agus tá taifid á nuashonrú dá réir sin. Tá pá-rolla an Choimisiúin á bhainistiú ag an Ionad Seirbhísí Comónta Pá-rolla.

### Earcaíocht

Reáchtáil an Coimisiún um Achomhairc Chánach, i gcomhar leis an tSeirbhís Ceapachán Poiblí, comórtas speisialaithe le haghaidh Bainisteoirí Cásanna/Speisialtóirí Cánach a cheapadh ag leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnata.

- Ceapadh beirt bhainisteoirí cásanna ag an leibhéal sin ón gcomórtas sin agus ceapadh an tríú duine trí chomórtas Idir-Roinne PAS.
- Earcaíodh beirt mar fhoireann chúnata le cabhrú le próiseáil na n-achomharc.

Tá an Coimisiún ag obair chomh maith le PAS le teacht ar an bhfoireann bhreise a cheadaigh an Roinn Airgeadais de bhun na moltaí a rinneadh i dTuarascáil O'Donoghue.



---

### Tuarascálacha Alt 21

Chuir na Coimisinéirí um Achomhairc a dTuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2017 i láthair an Aire Airgeadais i Márta 2018, mar chomhlíonadh ar alt 21(1) den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

Le linn 2018 ní dhearna na Coimisinéirí aon tuarascáil don Aire Airgeadais de bhun alt 21(5) d'Acht 2015, agus níor iarr an tAire go gcuirfí aon tuarascáil isteach de bhun alt 21(6) den Acht.

### Comhairle Dhlíthiúil a Lorgáodh

Le linn 2018, lorg an Coimisiún comhairle dhlíthiúil ar chomhlacht seachtrach dlíodóirí, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Teagmháil le 3ú Páirtithe

Bhí teagmháil shuntasach ag an gCoimisiún le 3ú páirtithe le linn 2018, leis an Roinn Airgeadais den chuid is mó, agus leis na dreamanna seo, inter alia:

- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Oifig an Ard-Aighne
- Oifig Phríomh-Dhlíodóir an Stáit
- Oifig an tSoláthair Phoiblí
- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste
- Institiúid Riaracháin Phoiblí
- An tSeirbhís Chúirteanna
- Seirbhís na gCeapachán Poiblí
- Institiúid Chánach na hÉireann

Bhí an-toradh ar na caidrimh oibre seo agus leanadh dóibh sa chaoi go mbeidh bunús níos láidre ag an gCoimisiún ónar féidir a oibríochtaí a leasú i 2019. Leanfaimid den obair i gcomhar leis na forais seo le torthaí atá le leas na ndreamanna ar fad a chur chun cinn.

### Soláthar

Rinne an an Coimisiún roinnt gníomhartha soláthair le linn 2018:

- Dearadh na Tuarascála Bliantúla
- Seirbhísí Clódóireachta
- Crua-earraí TFC
- Oiliúint GDPR

---

Rinneadh gach iarratas ar fhreastal de réir Chreat Soláthair an Rialtais, an córas ríomhfhreastail, nó de réir treoracha soláthair sa chás gur lú ná tairseach mholta a bhí luach an fhreastail.

### Aistriú Oifige

I Meitheamh 2018, d'aistrigh TAC chuig an Oifig nua i gCúirt Mhic Liam, Clós Líosain, BÁC 2. Tá spás breise suntasach san oifig nua le spásanna oscailte, oifigí, seomraí comhairliúcháin agus stóráil comhad, chomh maith le trí sheomra éisteachta le haghaidh achomhairc a réachtáil. Beidh spás ag an áitreabh nua le haghaidh foirne breise ag an gCoimisiún agus beidh achmainn mhéadaithe ann le haghaidh éisteachtaí ar achomhairc a réachtáil.

Fuair TAC cúnamh suntasach agus comhoibriú ó Óifig na nOibreacha Poiblí i ndáil leis an aistriú oifige agus cóiriú an áitribh, agus tá na Coimisinéirí agus foireann an Choimisiúin an-bhuíoch díbh as sin.

### Athbhreithniú ar Oibríochtaí an TAC

Ar an 6 Meitheamh 2018, choimisiúnaigh an tAire Airgeadais, an tUas. Paschal Donohoe TD, athbhreithniú neamhspleách ar ualach oibre agus ar oibríochtaí an TAC, agus cheap Ms Niamh O'Donoghue, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí, leis an athbhreithniú seo a dhéanamh.

Foilsíodh tuarascáil Ms O'Donoghue ar an 9 Deireadh Fómhair 2018. Rinne an tuarascáil roinnt moltaí maidir le foireann, le hacmhainní, le rialachas agus le hoibríochtaí an TAC.

Ar lá na cáinainéise, dúirt an tAire Airgeadais, an tUas. Paschal Donohoe TD, an méid seo: *'Inniú foilsím athbhreithniú neamhspleách ar oibríochtaí agus ar acmhainní an Choimisiúin um Achomhairc Chánach, a thionscain mé níos luaithe i mbliana. Tacaím go hiomlán le moltaí an athbhreithnithe, ar a n-áirítear ceadú breis foirne ag gach leibhéal agus maoiniú breise do chórais fheabhsaithe TF, le go mbeidh an Coimisiún in ann a ualach cásanna agus a dhualgas a chur de go sásúil.'*

Chuir an TAC fáilte roimh thacaíocht an Aire i ndáil le tuarascáil O'Donoghue agus táthar ag obair leis an Roinn Airgeadais agus le forais eile leis na moltaí atá sa tuarascáil a chur i bhfeidhm.

Tá mionsonraí faoi na moltaí sa tuarascáil leagtha amach ar leathanach 30.

## Maoiniú agus Caiteachas

Maoinítear TAC trí Vóta 10 na Meastachán faofa ag Dáil Éireann. Tá méadú suntasach le blianta beaga anuas ar na leithdháiltí don Choimisiún agus dá réamhtheachtaí, an OAC, i ngeall go príomha ar chaiteachas méadaithe ar fhoireann agus ar chóras TF a tháinig leis an athchóiriú ar an gcóras achomharc cánach.

Ba iad €1.605 milliún agus €1.626 milliún faoi seach na leithdháiltí don Choimisiún i 2017 agus 2018. B'ionann seo agus méadú suntasach ar an maoiniú a dáileadh don Choimisiún agus d'Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sna blianta roimhe.

Lá na cáinainnéise 2018 d'fhógair an tAire Airgeadais, chun go mbeadh feidhm leis na moltaí a rinneadh i dtuarascáil O'Donoghue, go raibh ceadaithe aige go mbeadh acmhainní ann d'fhoireann bhreise ag gach leibhéal agus maoiniú breise le caitheamh ar chórais leasaithe TF. Tá méadú timpeall 97% ar an meastachán le haghaidh 2019, go €3.208 milliún.

Leagann an tábla thíos amach anailís ar chaiteachas an Choimisiúin ar riarachán in 2018.

| Ábhar an Chaiteachais                            | 2018 Measta | 2018 Fíor | 2017 Fíor |
|--|-------------|-----------|-----------|
|  | €000        | €000      | €000      |
| Tuarastal, pá agus liúntais                      | 1,226       | 1,088     | 753       |
| Taisteal agus cothú                              | 70          | 4         | 1         |
| Oiliúint agus Forbairt agus costais teagmhasacha | 30          | 145       | 91        |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide           | 30          | 8         | 9         |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF    | 200         | 117       | 252       |
| Caiteachas ar áitreabh oifige                    | 70          | 4         | 16        |
| Caiteachas lomlán                                | 1,626       | 1,366     | 1,122     |

De réir fhorálacha an Achta um Ard-Reachtair Ciste agus Cuntais (Leasú) 1993, tá Oifigeach Cuntais an Choimisiúin freagrach as an gCuntas Dílsithe do Vóta 10 a réiteach agus a chur isteach chuig an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste faoin 31 Márta gach bliain. Tá sé seo déanta i leith 2018 agus táthar ag súil go mbeidh cuntais iniúchta an Choimisiúin foilsithe ag an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntais níos déanaí sa bhliain mar chuid dá thuarascáil do 2018 ar chuntais na seirbhíse poiblí.

---

# Aguisín - Cairt Seirbhíse do Custaiméirí

Tá an TAC tiománta do chaighdeán ard seirbhíse a chur ar fáil de réir na bprionsabal, na gcleachtas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chaighdeán don Rialachas Corparáideach sa Státseirbhís agus, go sonrach, leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuireann an oifig seo próiseas achomharc neamhspleách ar fáil maidir le diospóidí cánach a éisteacht agus moltóireacht a dhéanamh orthu, sa chaoi go n-éistimid agus go socraímid achomairc ar chinntí agus ar shocruithe na gCoimisinéirí Ioncaim, maidir le cáin agus dleacht.

Leagann an Chairt seo amach na caighdeáin is rún dúinn a chomhlíonadh maidir lenár bhfeidhm dhleachtach. Déanfaimid ár bhfeidhmiú a thomhas agus a luacháil agus déanfaimid tuarascáil ar na torthaí gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil.

## Teagmháil Teileafóin

Sa chás go ndéanfaidh tú teagmháil teileafóin le TAC, déanfaimid tréaniarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh::

- do ghlaio a fhreagairt chomh luath agus is féidir;
- ár n-ainm agus ár réimse oibre a thabhairt ar fhreagairt do ghlaio dúinn;
- bheith cúirtéiseach cuidiúil i rith ama;
- do cheist a fhreagairt go hiomlán nó, sa chás nach féidir sin, do mhionsonraí a thógáil agus glaoch ar ais ort chomh luath agus is féidir;
- gach teachtaireacht glórphoist a fhreagairt go pras.

## Comhfhreagras Scríofa

Má chuireann tú litir, facs nó ríomhphost chugainn, déanfaimid tréaniarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go bhfaighidh tú freagra iomlán tráth nach déanaí ná 20 lá oibre;
- ainm teagmhála, uimhir thagartha (más cuí) agus sonraí eile teagmhála a chur leis (teileafón, facs, r-phost);
- scríobh chugat i dteanga shimplí shoiléir gan téarmaí teicniúla a úsáid, seachas nuair is gá.

## Gearáin leis an TAC

Má dhéanann tú gearán don TAC, faoinár ngíomhartha, déanfaimid iarracht na nithe a leanas a dhéanamh:

- 
- do ghearán a adhmáil tráth nach déanaí ná seacht lá;
  - a insint duit cá fhad a d'fhéadfadh sé glacadh orainn an gearán a scrúdú;
  - tú a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an scrúdaithe;
  - tú a chur ar an eolas chomh pras agus chomh soiléir agus is féidir faoi thoradh an scrúdaithe.

### Cuairteoirí ar an TAC

Má thagann tú ar cuairt chuig an TAC, déanfaimid na nithe seo:

- caitheamh leat go cúirtéiseach, i gcead do do phríobháideachas, oiread agus is féidir, agus a bheith cothrom sa plé a bheidh againn leat;
- bualadh leat ag an am comhaontaithe, sa chás go mbeidh coinne agat;
- dícheall a dhéanamh áiseanna cuí a chur ar fáil le haghaidh éisteachta nó cruinnithe, sa chás;
- ár n-oifigí poiblí a choinneáil néata glan, á chinntiú go bhfuil siad ag teacht le caighdeán sláinte agus sábháilteachta.

### Cothromas/Éagsúlacht

- táimid tiománta do chaighdeán ardcháilíochta a chur ar fáil a thacaíonn le cearta duine aonair go gcaithfí go cothrom leis de réir reachtaíochta um chothromas;
- beidh sé mar sprioc againn a chinntiú go mbeidh seirbhísí agus saoráidí inrochtana ag cách, iad siúd a bhfuil sainriachtanais acu san áireamh.

### Seirbhís as Gaeilge

Má iarrann duine a dhéanann teagmháil leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach seirbhís trí Ghaeilge, déanfaimid dícheall teagmháil as Gaeilge a dhéanamh leis an duine; sa chás nach mbeimid ábalta, déanfaimid dícheall seirbhísí ateangaire a fháil.

### Nós Imeachta Athbhreithnithe

Bíonn beartas agus nósanna imeachta an TAC faoi athbhreithniú leanúnach ag an mbainistíocht laistigh den eagraíocht agus tá siad faoi réir ag iniúchadh seachtrach an ARCC.



